

# Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna DEIS

## Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta





Cáilíocht na Foghlama á Cur Chun Cinn

AN CHIGIREACHT

Ba mhaith leis an gCigireacht buíochas a ghabháil le Scoil Náisiúnta Nioclάis Naofa, An Cladach, Gaillimh as cead a thabhairt na grianghraif ar an gclúdach a úsáid.

© 2015 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna fhoilsiú ag:
An Chigireacht
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Is féidir an tuairisc seo agus cinn eile sa tsraith a rochtain ar www.education.ie

# CLÁR AN ÁBHAIR


CAIBIDIL 1: AN PLEAN GNÍOMHAIÓCHTA DEIS AGUS MEASTÓIREACHTAÍ DEIS ........ 4

1.1 Forbhreathnú ar phlean gníomhaíochta DEIS ........ 4

1.1 Creat meastóireachta DEIS ........ 5

CAIBIDIL 2: TORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ DEIS 2010 – 2014 ........ 10

2.1 Forbhreathnú ar phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin sna ceithre scoil is daichead ........ 10

2.2 Torthaí ar phróisis pleanála théamaí DEIS ........ 12

2.2.1 Tinreamh ........ 13

2.2.2 Coinneáil agus dul chun cinn ........ 17

2.2.3 Litearthacht ........ 20

2.2.4 Uimhearthacht ........ 25

2.2.5 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile ........ 29

CAIBIDIL 3: ACHOIMRE AR THORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ DEIS ........ 34

3.1 Achoimre ar thorthaí: téamaí meastóireachta agus próiseas pleanála ........ 34

3.1.1 Tinreamh ........ 34

3.1.2 Coinneáil agus dul chun cinn ........ 34

3.1.3 Litearthacht ........ 34

3.1.4 Uimhearthacht ........ 35

3.1.5 Comhpháirtíocht ........ 35

3.1.6 Próisis phleanála ........ 35

3.2 Achoimre ar phríomhghnéithe dearfacha a sainaithníodh sna ceithre mheastóireacht is daichead ........ 36

3.3 Achoimre ar phríomhréimsí le haghaidh forbartha a sainaithníodh sna ceithre mheastóireacht is daichead ........ 37

CAIBIDIL 4: CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ ........ 39

4.1 Conclúidí ........ 39

4.2 Croí-mholtaí ........ 39

AGUISÍN 1: PLEANÁIL GNÍOMHAÍOCHTA DEIS: TREOIR AR THUAIRISCEOIRÍ CÁILIOCHTA ........ 43

# CAIBIDIL 1: AN PLEAN GNÍOMHAIÓCHTA DEIS AGUS MEASTÓIREACHTAÍ DEIS

## 1.1 Forbhreathnú ar phlean gníomhaíochta DEIS

**Réamhrá**

Sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna plean gníomhaíochta DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools) in 2005. Bhí sé bunaithe ar thorthaí an Choiste um Míbhuntáiste Oideachais agus ba é a bhí taobh thiar de go bhfuil deis chomhionann tuillte ag gach páiste agus duine óg an t-oideachas a rochtain, bheith páirteach ann agus tairbhe a bhaint as.

**Aidhmeanna DEIS**

Is é aidhm phlean gníomhaíochta DEIS a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais oideachais páistí agus daoine óga as pobail atá faoi mhíbhuntáiste. Chuige seo, lorgaíodh ann soláthar níos comhtháite, níos comhordaithe agus níos éifeachtaí maidir leis an réimse iomlán de bhearta scoilbhunaithe cuimsiúchán oideachais. Ag croí DEIS tá córas caighdeánaithe chun leibhéil míbhuntáiste a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn rialta agus *Clár Tacaíocht Scoile (SSP)* a thugann le chéile agus a thógann ar idirghabhálacha do scoileanna. Áirítear leis na hidirghabhálacha:

- Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL)
- Clár Críochnúcháin Scoile (SCP)
- Tionscadal Tacaíochta do Mhúinteoirí
- Cothrom na Féinne a Thabhairt do Pháistí faoi Mhíbhuntáiste
- An Timthriall a Bhriseadh
- Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
- Scéimeanna Litearthachta agus Uimhearthachta

I measc na gcroí-bheart a bhí le feidhmiú faoi phlean gníomhaíochta DEIS bhí: athchóiriú na mbeart reatha le dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais, bearta dírithe ar dhul i ngleic le fadhbanna litearthachta agus uimhearthachta agus bearta chun tinreamh, coinneáil agus gnóthachtáil daltaí a fheabhsú. Bhíothas ag dúil go bhfeidhmeofaí comhtháthú na Scéime HSCL agus na seirbhísí SCP sa chreat SSP thar thréimhse cúig bliana. Bhíothas ag dúil go gcuirfeadh scoileanna béim as an nua ar rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlaigh in oideachas páistí tríd an bhfeidhm HSCL a chomhtháthú ina bplean gníomhaíochta trí bliana.

In 2009 méadaíodh téarmaí tagartha an Bhoird Náisiúnta Leas Oideachais (NEWB) le go gcuimseofaí freagracht as comhtháthú na Scéime HSCL, an Clár Críochnúcháin Scoile (SCP) agus an tSeirbhís Náisiúnta Leas Oideachais (EWS). Ó bhí Meitheamh 2011 ann, tá an t-iar-Bhord Náisiúnta Leas Oideachais agus a sheirbhísí comhtháite laistigh de théarmaí tagartha beartais an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus is cuid de théarmaí tagartha na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh (Tusla), ó bunaíodh í mí Eanáir 2014 an fhreagracht oibríochta as an tSeirbhís Leas Oideachais. Coinníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna freagracht as leithdháileadh comhordaitheoirí HSCL i scoileanna.

**Foinsí breise tacaíochta do scoileanna DEIS**
Faigheann bunscoileanna a ghlacann páirt in DEIS tacaíocht agus acmhainní suntasacha breise, lena n-áirítear baill bhreise foirne do na scoileanna is mó míbhuntáiste le cuidiú leo aidhmeanna an tionscnaimh a ghnóthú. Athraíonn an leibhéal tacaíochta agus acmhainní breise a leithdháiltear do scoileanna a ghlacann páirt in DEIS de réir an leibhéal leibhéil míbhuntáiste sa phobal scoile. Sna háiteanna ina mbíonn an míbhuntáiste is mó, rangaítear bunscoileanna i mBanda 1 Uirbeach DEIS agus is iad na scoileanna seo a fhaigheann an leibhéal is airde tacaíochta agus acmhainní, lena n-áirítear acmhainní breise múinteoireachta. Forbraíodh in 2012 sainsceideal foirne do scoileanna DEIS Bhanda 1 inar tugadh cóimheas daltaí le múinteoir (PTR) 20:1 i scoileanna sóisearacha, 22:1 i mbunscoileanna bun barr[1] agus 24:1 i scoileanna sinsearacha d'fhonn an próiseas leithdháiltí a athchóiriú. Is féidir comparáid an-fhabhrach a dhéanamh idir seo agus an PTR príomhshrutha reatha de 28:1. Faigheann an chuid eile de na bunscoileanna a bhíonn páirteach leibhéil shuntasacha tacaíochta agus acmhainní fosta agus rangaítear iad i mBanda 2 Uirbeach DEIS.

**Tiomantais ag scoileanna DEIS**
Bítear ag dúil go dtabharfaidh scoileanna a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní breise trína bheith páirteach in DEIS tacaíocht do phlean gníomhaíochta DEIS trí phróiseas córasach pleanála agus monatóireachta ag leibhéal scoil aonair agus ag leibhéal cnuasaigh/pobail. Meastar gur gné thábhachtach den phróiseas pleanála é rannpháirtíocht daltaí, tuismitheoirí, pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí ag feidhmiú ag leibhéal áitiúil. Bítear ag dúil go bhforbraíonn scoileanna pleananna gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a dhíríonn ar na réimsí seo a leanas: tinreamh, coinneáil, dul chun cinn, litearthacht agus uimhearthacht agus páirtíochtaí le tuismitheoirí agus eile. Laistigh den chreat seo, tá scoileanna rannpháirteacha freagrach as a bpleanáil gníomhaíochta féin a shainoiriúnú le freastal ar riachtanais shainiúla a gcuid daltaí. Ba chóir dul chun cinn fheidhmiú na bpleananna gníomhaíochta seo a choinneáil faoi athbhreithniú agus a choigeartú de thoradh taithí.

Forbraíodh teimpléad pleanála trí na seirbhísí tacaíochta le cabhrú le scoileanna DEIS a bpleananna trí bliana gníomhaíochta féin a fhorbairt. Trí úsáid na dteimpléad seo i gcomhair pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin, cuireann scoileanna le cleachtais sheanbhunaithe pleanáil forbairt scoileanna. Maidir le príomhoidí, boird bainistíochta agus foirne bainistíochta ionscoile, a bhí freagrach cheana féin as ceannaireacht an phróisis pleanála ina scoileanna, táthar ag dúil go dtacóidh siad le feidhmiú phleananna gníomhaíochta DEIS. Ba é a bhí beartaithe go gcabhródh an teimpléad pleanála, a d'fhorbair na seirbhísí tacaíochta, le scoileanna spriocanna a chuimsiú ag leibhéal scoile faoi gach réimse fócais a comhaontaíodh, a dtagraítear dóibh sa tuarascáil seo mar théamaí DEIS. Bhí na spriocanna le comhaontú ag leibhéal scoile uile, agus gach ball foirne á dtabhairt san áireamh de réir mar is cuí ina bpleanáil féin i gcomhair teagaisc agus foghlama.

## 1.1 Creat meastóireachta DEIS

**Meastóireachtaí DEIS 2010-2014**
Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2007 an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) le meastóireacht a dhéanamh ar an gClár Tacaíocht Scoile i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá an obair seo idir lámha fós agus foilsíodh agus d'eascair roinnt tuairiscí aisti atá ar fail ar shuíomh gréasáin ERC. Tá tagairt do chuid de thorthaí ERC sa tuarascáil reatha agus chuir siad bonn eolais faoi chuid de na moltaí inti.

[1] Ranganna ó naíonáin shóisearacha go 6ú rang atá i scoileanna bun barr
[2]An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011): *An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools*

In 2010, rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar phróisis pleanáil gníomhaíochta scoilbhunaithe i mbunscoileanna DEIS bhanda 1. Ba é feidhm na meastóireachta: a fháil amach a mhéad a bhí scoileanna ag gabháil don phróiseas pleanála agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a cheapadh; cáilíocht na bpleananna gníomhaíochta a mheas; a fháil amach a mhéad a d'fhéadfadh scoileanna tionchar na bpleananna gníomhaíochta ar thorthaí foghlama na ndaltaí a léiriú. Tiomsaíodh agus foilsíodh torthaí na meastóireachta in *Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS.*[2]

Rinneadh meastóireachtaí breise i mbunscoileanna DEIS Bhanda 1 in 2011 agus 2014. San iomlán, tá daichead a ceathair de mheastóireachtaí DEIS déanta anois i mbunscoileanna; ocht gcinn déag in 2010, sé déag in 2011 agus deich in 2014. Bhí réimse scoileanna i gceist ó scoileanna ar a bhfuil níos lú ná 100 dalta ar an rolla go scoileanna ar a bhfuil breis agus 680 dalta. Bhí réimse de chineálacha scoile san áireamh: scoileanna bun barr comhoideachais agus aonghnéis chomh maith le scoileanna sóisearacha[3] agus sinsearacha[4] comhoideachais agus aonghnéis. 11,595 an líon iomlán daltaí ar rollaí na gceithre scoil is daichead agus 1049 líon iomlán na bpost múinteoireachta. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na torthaí ó na ceithre mheastóireacht is daichead uile.

**Fócas na meastóireachtaí – Téamaí DEIS agus pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin**

Díríodh sna meastóireachtaí ar phróisis pleanáil gníomhaíochta scoileanna maidir leis na téamaí seo a leanas:

- **Tinreamh**
  Mar gheall ar an mbuntábhacht atá le tinreamh i leith dul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí, tá d'iallach ar scoileanna breathnú ar phatrúin neamhláithreachtaí iomlán lae, neamhláithreachtaí cuid den lá, sroicheadh na scoile go déanach agus ar an ráta fionraíochta.
- **Coinneáil**
  I dtéama na coinneála dírítear ar an tábhacht atá le páistí a choinneáil ar scoil, iad siúd ar baol dóibh an scoil a fhágáil go luath a shainaithint agus bearta a dhéanamh leis na himthosca ar cúis le daltaí imeacht ar fad a laghdú nó deireadh a chur leo.
- **Dul chun cinn**
  Tá dlúthnasc idir dul chun cinn agus tinreamh agus coinneáil. Dírítear aird ar na bunaistrithe ó chéim amháin oideachais go chéile: sa chás seo ó bhunscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht.
- **Litearthacht**
  Is croí-chuspóir de phlean gníomhaíochta DEIS ón tús iad feabhsúcháin scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Tá leagtha amach i straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta na Roinne[5] sainmhíniú an-leathan na litearthachta ina gcuimsítear 'bheith in ann teanga labhartha, cló, scríbhneoireacht agus meáin dhigiteacha a úsáid agus a thuiscint'.
- **Uimhearthacht**
  Tá sainmhíniú leathan ar an uimhearthacht sa straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta: 'bheith in ann tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid le

[3] ó naíonáin shóisearacha go 2ú rang, is iondúil
[4] ó 3ú – 6ú rang, is iondúil
[5] An Roinn Oideachais agus Scileanna, (2011) *Literacy and Numeracy for Learning and Life*

fadhbanna a réiteach agus le freastal ar éilimh an tsaoil laethúil i suíomhanna casta sóisialta'.

- **Páirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile**
  Tacaíonn plean gníomhaíochta DEIS le scoileanna páirtíochtaí a fhorbairt le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Bítear ag dúil le scoileanna naisc a fhorbairt le scoileanna eile fosta, mar shampla i gcláir aistrithe ó bhunscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht.

Níl i gceapadh na bpleananna timthriallacha ach cuid den phróiseas pleanála. Tá an tábhacht chéanna leis an aird a thugann scoileanna ar fheidhmiú, athbhreithniú agus coigeartú pleananna i bhfianaise a n-athbhreithnithe agus riachtanais tosaíochta na ndaltaí a bhíonn ag athrú. Scrúdaigh na cigirí gach téama thuas i leith cháilíocht na pleanála gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin ag scoileanna maidir leis na croí-ghnéithe seo:

- **Beartú spriocanna**
  Is gné riachtanach de phleanáil éifeachtach DEIS é an beartú spriocanna. Is iondúil gurb é atá i gceist le beartú spriocanna, sonraí agus fianaise a bhailiú, a anailísiú agus an t-eolas a úsáid le spriocanna a cheapadh atá *SIIRU*: sainiúil, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúil, agus uainithe.
- **Roghnú straitéisí**
  Nuair a bhíonn spriocanna socraithe, bíonn fócas na pleanála ar an tslí a ngnóthófaí na spriocanna. Nuair a bhíonn an phleanáil go héifeachtach, léirítear sa phróiseas naisc fhollasacha idir beartú spriocanna agus na straitéisí agus idirghabhálacha a roghnaítear chun an sprioc a bhaint amach.
- **Feidhmiú straitéisí**
  Sa ghné seo den phróiseas pleanála, bíonn an fócas ar an tslí a gcuirtear na straitéisí agus idirghabhálacha i bhfeidhm. Nuair a bhíonn an phleanáil go héifeachtach, tuigeann siad siúd a mbíonn baint dhíreach acu leis an bhfeidhmiú an aidhm atá le gach straitéis agus is léir cur chuige scoile uile.
- **Tionchar agus dul chun cinn**
  Tá d'iallach ar scoileanna i bpróiseas pleanála DEIS éifeachtúlacht na straitéisí atá siad a fheidhmiú a mhonatóiriú. Ba chóir do scoileanna bheith in ann a léiriú gur tháinig feabhas ar thorthaí nó go bhfuil spriocanna nó straitéisí coigeartaithe acu i ndiaidh dóibh an dul chun cinn atá déanta a athbhreithniú.

Rinne na seirbhísí cumarsáid le scoileanna le tacú leo na próisis pleanála a chur i bhfeidhm go praiticiúil i scoileanna DEIS ar leith.

**Critéir mheastóireachta agus contanam cáilíochta DEIS**
Nuair a bhí siad ag déanamh breithmheasa ar cháilíocht pleanáil gníomhaíochta scoileanna le haghaidh feabhsúcháin i gcomhthéacs gach téama DEIS, d'úsáid cigirí contanam cáilíochta ceithre phointe. Bhain sé seo le tuairisceoir cáilíochta acu seo a leanas a shannadh do gach gné den phróiseas pleanáil gníomhaíochta (beartú spriocanna, roghnú agus feidhmiú straitéisí agus idirghabhálacha, dul chun cinn) a bhíothas a luacháil:

- Láidreachtaí suntasacha
- Is treise na láidreachtaí ná na laigí
- Is treise na laigí ná na láidreachtaí
- Laigí suntasacha

Tá na critéir meastóireachta a úsáideann cigirí, i bhfoirm tuairisceoirí cáilíochta, in *Aguisín 1*.

Nuair a bhí an tuarascáil seo á tiomsú, úsáideadh téarmaí cainníochtúla chun céatadáin a léiriú mar seo a leanas:

| Téarmaí cainníochtúla | Céatadán tarlaithe |
|---|---|
| Beagnach gach | >90 |
| An chuid is mó | 75 – 90 |
| Bunús | 50 – 74 |
| Níos lú ná leath | 25 – 49 |
| Líon beag | 16 – 24 |
| Beagán | Suas go 15 |

**Gníomhaíochtaí meastóireachta**
Beirt chigirí a rinne an mheastóireacht i ngach scoil thar thréimhse seachtaine. Cuireadh trí lá i leataobh do ghníomhaíochtaí meastóireachta scoilbhunaithe agus bailíodh lena linn sonraí a bhain le gnéithe éagsúla de phleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúchán scoile. I ndiaidh na ngníomhaíochtaí meastóireachta, réitigh na cigirí aiseolas ar a dtorthaí agus sheachaid a gcuid torthaí leis an scoil.

Bailíodh eolas trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:
- Athbhreithniú foirm faisnéise scoile, arna comhlánú ag príomhoide gach scoile
- Agallaimh le príomhoide na scoile
- Cruinnithe le múinteoirí agus le pearsanra ábhartha eile de chuid na scoile agus le pearsanra tacaíochta
- Cruinnithe le fócasghrúpaí tuismitheoirí
- Ceistneoirí do dhaltaí i rang a sé
- Ceistneoirí do thuismitheoirí daltaí i rang a dó agus a sé
- Breathnóireacht teagaisc i réimse suíomhanna
- Breathnóireacht foghlaim daltaí (lena n-áirítear a bhfoghlaim trí idirghabhálacha litearthachta agus uimhearthachta i réimse suíomhanna foghlama ar an scoil)
- Breathnóireacht gníomhaíochtaí eile le linn agus i ndiaidh scoile (mar shampla, clubanna bricfeasta agus clubanna obair bhaile)
- Athbhreithniú doiciméid agus taifid scoile (lena n-áirítear plean gníomhaíochta DEIS na scoile, pleananna a réitigh múinteoirí aonair, taifid tinrimh agus taifid measúnachta, lena n-áirítear torthaí trialacha caighdeánaithe)
- Cigireacht ar obair na ndaltaí.

I ndiaidh a n-anailíse ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a bailíodh i scoileanna aonair, réitigh na cigirí dréacht-tuairisc inar leagadh amach na buntorthaí maidir leis an scoil dul i gceann pleanáil gníomhaíochta DEIS i gcomhthéacs théamaí DEIS. Sainaithníodh na gnéithe dearfacha den phróiseas pleanáil gníomhaíochta DEIS i ngach scoil chomh maith le gnéithe den phróiseas ar gá iad a fhorbairt sa scoil.

Bhí cruinniú ag na cigirí leis an bpríomhoide agus le grúpa múinteoirí a raibh freagrachtaí ar leith orthu as pleanáil gníomhaíochta DEIS chun aiseolas a thabhairt agus na torthaí a phlé. Ina dhiaidh sin, fuair gach scoil dréacht-tuairisc. Tar éis na ngnáthamh atá leagtha amach in *Publication of School Reports* (An Chigireacht 2006), iarradh ar gach scoil a chur in iúl don chigireacht faoi aon earráid fírice sa dréacht-taifead. Ansin, eisíodh na tuairiscí scríofa chuig an scoileanna agus tugadh deis freagartha do gach scoil.

Úsáideadh na foinsí eolais seo a leanas leis an tuarascáil ilchodach a ullmhú:
- an daichead a ceathair de thuairiscí meastóireachta aonair iad féin
- na torthaí sainscagtha a bhain le láidreachtaí agus laigí
- na freagairtí do na ceistneoirí daltaí (1,382)

- na freagairtí do na ceistneoirí tuismitheoirí (1,485)
- sonraí ó na tuairiscí éagsúla a bhaineann le DEIS a d'fhoilsigh an Roinn agus gníomhaireachtaí eile.

# CAIBIDIL 2: TORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ DEIS 2010 – 2014


## 2.1 Forbhreathnú ar phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin sna ceithre scoil is daichead

### 2.1.1 Láidreachtaí agus laigí i bpleanáil gníomhaíochta DEIS

Tá d'iallach ar scoileanna a ghlacann páirt in DEIS pleanáil le haghaidh feabhsúcháin i ngach téama DEIS. Rinneadh meastóireacht ar phleanáil gníomhaíochta sna ceithre scoil is daichead trí bhreathnú ar cheithre ghné nasctha den phleanáil:

- beartú spriocanna
- roghnú straitéisí
- feidhmiú straitéisí
- tionchar agus dul chun cinn

Fíor 2.1 Láidreachtaí agus laigí i bpróisis pleanála DEIS




Léirítear i bhFíor 2.1 na torthaí a bhaineann le pleanáil gníomhaíochta na scoileanna le haghaidh feabhsúcháin. Cé gur tháinig láidreachtaí agus laigí chun solais sna ceithre ghné de phleanáil gníomhaíochta sna ceithre scoil is daichead mar gheall ar na meastóireachtaí, tá siad an-dearfach mar thorthaí, tríd is tríd. Tá an patrún céanna le sonrú i ngach téama, bhain na gnéithe is láidre den phleanáil gníomhaíochta le roghnú straitéisí (85%) agus feidhmiú straitéisí (85%). Is díol suntais é gur sonraíodh níos mó samplaí de chleachtas láidir seachas cleachtas lag sa bheartú spriocanna i mbunús na scoileanna (70%). Mar sin féin, thángthas ar laigí sa ghné ríthábhachtach seo den phleanáil in 30% de scoileanna. Déanann an chuid is mó de scoileanna (78%) monatóireacht éifeachtach ar thionchar na straitéisí agus an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach. Mar sin féin, thángthas ar laigí in 22% de na scoileanna. Is léir gur fearr a éiríonn le scoileanna sna céimeanna idirmheánacha den phróiseas ná na céimeanna tosaigh agus deiridh.

Má tá pleanáil gníomhaíochta DEIS le bheith éifeachtach, tá gá le roinnt eilimintí. Amhail aon próiseas eagraíochtúil, tá ceannaireacht éifeachtach tábhachtach. Is den ríthábhacht tiomantas gach ball foirne don phróiseas agus d'fheidhmiú bearta comhaontaithe. Ba chóir cur chuige iomlán scoile a ghlacadh maidir le roghnú agus feidhmiú na n-idirghabhálacha agus straitéisí. Is sampla é seo a leanas de scoil ina bhfuil na gnéithe riachtanacha seo:

*Faoi cheannaireacht príomhoide éifeachtach, d'éirigh leis an scoil cultúr féinmheastóireachta a bhunú sa scoil. Is cuid dhílis de chruinnithe foirne an plé ar éifeachtúlacht phlean DEIS. Aithnítear agus moltar tiomantas na foirne tabhairt faoi thionscnaimh atá le leas na ndaltaí agus phobal na scoile araon* (2011).

Is bunghné den phleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin beartú spriocanna bunaithe ar anailís ar shonraí ábhartha. Is ábhar dóchais a shonrú go gcinntíonn bunús na scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu (70%) go mbíonn spriocanna sainiúil, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúil agus uainithe (SIIRU). Roghnaíonn agus feidhmíonn na scoileanna seo freisin straitéisí atá nasctha mar is cuí leis na spriocanna:

*Tá an beartú spriocanna an-éifeachtach i ngach réimse. Riachtanais shainaitheanta a chuireann bonn eolais faoi fheidhmiú na straitéisí ag an scoil uile le tabhairt faoi na spriocanna seo agus déantar monatóireacht ar an bhfeidhmiú ar bhonn leanúnach. Is láidreacht shuntasach é an cur chuige athmhachnamhach agus criticiúil sa scoil i dtaca le féinmheastóireacht de* (2011).

Cé go bhfuil cúrsaí go dearfach, tríd is tríd, maidir le beartú spriocanna, tá moltaí a bhaineann le spriocanna i dtuairim ar leathchuid de na tuairiscí scoile aonair. Sainaithnítear i roinnt tuairiscí easpa bunghnéithe beartú maith spriocanna:

*Is den tábhacht go leagfar amach spriocanna i dtéarmaí torthaí sainiúla intomhaiste foghlama do gach dalta* (2010).
*Moltar go gceapfaidh an scoil spriocanna atá sainiúil, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúil agus uainithe do gach réimse téamach in DEIS* (2011).

I gcásanna eile, moltar spriocanna a cheapadh ar gaire a nasc leis na sonraí atá ar fáil:

*Moltar sonraí scoilbhunaithe a úsáid chun spriocanna sonracha, réadúla agus uainithe a shainaithint* (2010).
*Moltar gur féidir gach sprioc i bplean DEIS a nascadh go follasach le sonraí bonnlíne atá ar fáil sa scoil agus a chuirtear in iúl i dtéarmaí sonracha, inghnóthaithe, réadúla agus uainithe (SIIRU)* (2014).

Aithníodh láidreachtaí sna meastóireachtaí i mbunús na scoileanna maidir le réimse cuí straitéisí a roghnú agus a fheidhmiú i dtéamaí éagsúla DEIS uile. Léirítear sna ráitis seo a leanas cleachtais dhearfacha scoileanna:

*Tá straitéisí agus idirghabhálacha thar a bheith éifeachtach ag an scoil chun tinreamh agus dul chun cinn a fhorbairt agus chun gnóthachtáil daltaí a fheabhsú i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta. Tá réimse tionscnamh i bhfeidhm agus tá ag éirí leo tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i saol na scoile* (2010).
*Tá straitéisí agus tionscnaimh idirghabhála éifeachtacha curtha sa siúl ag an scoil maidir le gach téama DEIS. Tá siad seo á gcur i bhfeidhm go leanúnach (2011).*
*Tá fócas na scoile ar a chinntiú gur torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí is aidhm fhollasach do gach idirghabhàil agus straitéis le moladh* (2014).

D'ainneoin gur aithníodh sna meastóireachtaí laigí i gcáilíocht na gcleachtas beartú spriocanna in 30% de na scoileanna, tá fianaise ann, tríd is tríd, go bhfuil tionchar dearfach ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar thorthaí i mbunscoileanna. Is sampla é an méid seo a leanas den dea-chleachtas maidir le dul chun cinn atá déanta ar spriocanna scoile a bhaint amach:

*Is léir cur chuig scoile uile i gcur i bhfeidhm straitéisí a bhaineann le litearthacht, uimhearthacht agus tinreamh. Déanann na comhordaitheoirí bainteacha sonraí a*

> *bhaineann leis na réimsí seo a mhonatóiriú go mion agus pléitear na torthaí ar chruinnithe. Is iad na réimsí inar éirigh go maith leis an scoil seo i gcomhthéacs DEIS, feabhsúchán leanúnach sa litearthacht, méadú foriomlán sa tinreamh agus páirtíocht níos fearr le tuismitheoirí* (2010).

Úsáidtear téarmaí amhail 'dul chun cinn suntasach' agus 'dul chun cinn inbhreathnaithe agus intomhaiste' le cur síos ar an gciall fhoriomlán don tionchar atá ag pleanáil gníomhaíochta DEIS. Is fiú a shonrú, áfach, gur léir dul chun cinn i gcuid mhaith de théamaí DEIS ach ní iontu uile. Léirítear sa ráiteas a leanas, áfach, gur féidir dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse:

> *Tá dul chun cinn dearfach, intomhaiste agus suntasach déanta ag an scoil maidir le gach réimse a ndearna sí tosaíocht díobh ina plean DEIS. Sa chomhthéacs sin, tá suntas ar leith ag baint lena bhfuil bainte amach ag an scoil maidir le litearthacht agus uimhearthacht* (2010).

Déanann an chuid is mó de na scoileanna (78%) monatóireacht éifeachtach ar thionchar straitéisí comhaontaithe. Áirítear le cleachtais mhonatóireachta soláthar tuairiscí do chruinnithe foirne agus anailís mhionsonraithe chórasach ar thorthaí foghlama, torthaí trialacha caighdeánaithe agus trialacha ceaptha ag múinteoirí san áireamh. Nuair a thugtar laigí faoi deara, moltar do scoileanna cleachtais mhonatóireachta a nascadh leis na spriocanna beartaithe. Mar shampla, i scoil amháin moltar:

> *…faoi cheannaireacht an phríomhoide, (ba chóir) cruinnithe rialta a thionól le comhordaitheoirí phlean DEIS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú spriocanna comhaontaithe le haghaidh feabhsúcháin agus ar choigeartú spriocanna nuair is gá* (2014).

### 2.1.2 Conclúidí

Tá staid fhoriomlán na pleanála gníomhaíochta feabhsúcháin i mbunscoileanna DEIS go dearfach. Is léir gur thug scoileanna faoin bpróiseas pleanála le cuspóir agus go tairbheach agus go bhfuil leas le baint as ag daltaí dá bharr. Roghnú agus feidhmiú straitéisí na gnéithe is dearfaí den phróiseas pleanála ag leibhéal na bunscolaíochta. Is iad beartú spriocanna SIIRU le haghaidh feabhsúcháin agus monatóireacht tionchair agus dul chun cinn na réimsí is mó dúshlán.

**Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag bunús na scoileanna:**

- Roghnú straitéisí cuí sna téamaí DEIS uile
- Feidhmiú na straitéisí seo go héifeachtach

**Na gnéithe a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr:**

- Cleachtais beartú spriocanna a fheabhsú
- Cleachtais monatóireachta a fheabhsú

## 2.2 Torthaí ar phróisis pleanála théamaí DEIS

Leagtar amach sa mhír seo torthaí na meastóireachtaí i leith gach téama pleanála DEIS. Tosaíonn an mhír ar gach téama le breac-chuntas ar fhachtóirí comhthéacs agus ansin tugtar na torthaí le sleachta as tuairiscí aonair, cuimsítear roinnt tuairimí daltaí agus tuismitheoirí ó na ceistneoirí a rinneadh agus ó fhócasghrúpaí a tionóladh agus tá paragraf gairid conclúideach ann ina n-achoimrítear réimsí láidreachta agus príomhréimsí forbartha. Léirítear i gcairt gach téama an céatadán teagmhais de chleachtas láidir nó lag i ngach téama sna ceithre ghné den phróiseas pleanála a measúnaíodh.


Sna ceithre mheastóireacht is daichead, breithníodh pleanáil i gcomhair gach téama agus tagairt déanta do na ceithre ghné nasctha de phleanáil le haghaidh feabhsúcháin. Maidir le gach téama inar léiríodh láidreachtaí leanúnacha nó níos mó láidreachtaí ná laigí, measúnaíodh iad mar théamaí ina mbíonn láidreachtaí níos forleithne sa scoil áirithe sin. Maidir le gach téama inar léiríodh laigí leanúnacha nó níos mó laigí ná láidreachtaí, measúnaíodh iad mar théamaí ina mbíonn laigí níos forleithne sa scoil áirithe sin.

Is forleithne na láidreachtaí i bpleanáil i gcomhair gach téama DEIS. Is sonraíoch a fhorleithne atá láidreachtaí sna téamaí pleanála. Fuarthas an dea-chleachtas is forleitheadaí i dtéama an dul chun cinn agus is forleithne láidreachtaí i mbeagnach gach scoil (97%). Pleanálann bunús na scoileanna go héifeachtach i réimse an tinrimh (81%), na coinneála (89%) agus na páirtíochta (89%). Tá an phleanáil i gcomhair fheabhsú na litearthachta láidir fosta i mbunús na scoileanna (77%). Is é an phleanáil i gcomhair fheabhsú na huimhearthachta an téama is laige áit nach treise láidreachtaí ach in 64% de na scoileanna.

### 2.2.1 Tinreamh

***Comhthéacs***

Cuireann próiseas pleanála DEIS d'iallach ar scoileanna spriocanna a bheartú le haghaidh rátaí feabhsaithe tinrimh agus straitéisí a roghnú agus a fheidhmiú a chuirfidh ar a gcumas na spriocanna sin a bhaint amach. Is eol do scoileanna nach féidir gnóthachtáil agus torthaí foghlama foriomlána a fheabhsú más fadhb leanúnach í an neamhláithreacht. Tá iallach ar gach scoil tuairisceáin a chur chuig Seirbhís Leas Oideachais TUSLA, an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh[6] maidir le neamhláithreachtaí agus fionraíochtaí. De réir na hanailíse náisiúnta is déanaí ar shonraí tinrimh, tá an meánlíon daltaí in aghaidh na scoile a chailleann fiche lá nó níos mó thart ar dhá oiread níos airde i mbunscoileanna DEIS i gcomparáid le scoileanna uirbeacha eile[7]. Is ar an ábhar seo atá tinreamh i measc na dtéamaí a chuimsítear i bpróiseas pleanáil ghníomhaíochta DEIS agus a bhaineann cuid mhór de na hacmhainní agus na seirbhísí atá ar fáil do scoileanna DEIS, ar shlí éigin, le cúrsaí tinrimh.




***Torthaí***

Léiríonn na sonraí thuas staid an-dearfach maidir le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin i dtinreamh ar scoileanna DEIS. Is treise láidreachtaí i gach gné den phleanáil gníomhaíochta sa chuid is mó de na scoileanna. Fuarthas amach sna meastóireachtaí go raibh láidreachtaí i mbeartú spriocanna ag 79% agus go raibh láidreachtaí ag 86% i roghnú agus feidhmiú

[6] NEWB, *the National Educational Welfare Board*, roimhe seo

[7] Millar, D. *Analysis of School Attendance Data in Primary and Post-Primary Schools, 2010/11* (2013)

straitéisí cuí agus go raibh láidreachtaí i monatóireacht an tionchair a dhéantar agus an dul chun cinn ag 77%. Thuairiscigh tromlach mór na scoileanna (90%) go bhfuil rátaí foriomlána tinrimh ag feabhsú nó go bhfuil noirm náisiúnta sroichte acu.

Is croí-ghné den phleanáil gníomhaíochta é beartú spriocanna le haghaidh feabhsúcháin. Beartaíonn bunús na scoileanna (79%) spriocanna SIIRU le haghaidh feabhsúcháin i dtinreamh daltaí. Sna scoileanna seo, beartaítear spriocanna i ndiaidh anailíse ar na sonraí atá ar fáil. Is iondúil go n-áirítear leis na sonraí seo treochtaí agus patrúin tinrimh don phobal iomlán scoile agus do ghrúpaí agus do dhaltaí sainaitheanta. Is léir go raibh na spriocanna tosaigh le haghaidh feabhsúcháin i dtinreamh daltaí beagán míréadúil nó ró-uaillmhianach agus gur athbhreithníodh go hiomchuí iad de thoradh monatóireacht inmheánach. Nuair a aithníodh láidreachtaí, bhí spriocanna sainiúil, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúil agus uainithe. Sainaithníodh sna meastóireachtaí nasc láidir idir beartú dea-spriocanna agus feabhsúcháin i rátaí tinrimh, mar is léir ó na ráitis seo a leanas:

> *D’éirigh go maith leis an scoil maidir le rátaí tinrimh daltaí a fheabhsú mar gheall ar spriocanna sainiúla, réadúla agus uainithe a bheartú agus straitéisí praiticiúla agus éifeachtacha a fheidhmiú leis na spriocanna seo a bhaint amach. Déantar athbhreithniú bliantúil ar spriocanna de réir an dul chun cinn.* (2010)
>
> *Tá an cleachtas a bhaineann le cur chun cinn an dea-thinrimh le moladh. Socraíodh spriocanna SIIRU agus tá a spriocanna gnóthaithe agus sáraithe ag an scoil* (2014).

In 21% de na scoileanna a measúnaíodh, bhí laigí sna cleachtais beartú spriocanna tinrimh. Bhí sé seo thar a bheith follasach in áiteanna a bhfuil croí-ghrúpa daltaí ag leanúint de dhrochrátaí tinrimh. Is minic a dhéantar moltaí sna tuairiscí a thagraíonn don ghá atá le spriocanna a bheith níos sainiúla agus intomhaiste:

> *Moltar go ndéanfar anailís níos cuimsithí ar phatrúin tinrimh agus go n-athbhreithneofar agus go gceapfar spriocanna ar dhóigh atá sainiúil agus gur féidir torthaí a thomhas* (2010).
> *… tá na spriocanna seo ginearálta agus ba thairbheach iad a bheith níos sainiúla, intomhaiste agus uainithe* (2011).

Léirítear sna meastóireachtaí gur forleithne láidreachtaí sna straitéisí a roghnaíonn agus a fheidhmíonn scoileanna d’fhonn tinreamh a fheabhsú. Is léir dea-chothroime maidir le hidirghabhálacha coiscstheacha agus feabhais. I measc na samplaí d’idirghabhálacha bhí:

- Clubanna Bricfeasta agus Obair Bhaile a chur ar fáil
- córais duaiseanna as an dea-thinreamh
- seirbhísí téacs do thuismitheoirí
- tionóil a sceidealú Dé Luain agus Dé hAoine
- fáilte a chur roimh gach dalta agus tuismitheoir chun na scoile gach lá

Idirghabháil eile is ea coistí tinrimh a bhunú a dtagraítear di sna tuairiscí mar shlí éifeachtach lena chinntiú go ndírítear go hiomchuí ar cheist an tinrimh. Is iondúil gurb iad an príomhoide, an comhordaitheoir HSCL agus pearsana SCP a bhíonn ar na coistí seo.

Tuairiscíonn scoileanna gur éirigh go maith leo rátaí foriomlána tinrimh a gcuid daltaí a fheabhsú. Tá an feabhsúchán seo i rátaí foriomlána tinrimh ag cur leis na sonraí a sholáthair an NEWB (atá anois mar chuid de Tusla, Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh) san fhoilseachán leis ar rátaí tinrimh scoile go náisiúnta:

> *Is é breis bheag agus 6% i mbunscoileanna agus thart ar 8% in iarbhunscoileanna an céatadán foriomlán reatha de dhaltaí/laethanta caillte mar gheall ar*

*neamhláithreacht le linn scoilbhliana. Tá na figiúirí ag an dá leibhéal in 2010/11 níos ísle ná 2009/10 agus is iad na figiúirí is ísle iad don tréimhse 2006/07 – 2010/11 .*[8]

D'ainneoin feabhas a bheith tagtha ar rátaí foriomlána tinrimh tá croí-ghrúpa daltaí, áfach, a bhfuil drochrátaí tinrimh fós acu. Tá sé seo amhlaidh d'ainneoin éifeachtacht fhoriomlán iarrachtaí scoileanna bheith ag pleanáil go córasach i gcomhair tinreamh feabhsaithe. Léirítear i sonraí a sholáthair an NEWB[9] i leith 2010/11 go raibh beagán níos lú ná 22% de dhaltaí scoileanna uirbeacha DEIS Bhanda 1 as láthair ar feadh fiche lá nó níos mó.

Thuairiscigh 16% de na ceithre scoil is daichead a measúnaíodh laghdú ar líon na ndaltaí a chaill níos mó ná fiche lá scoile. Sna samplaí seo, d'éirigh le scoileanna réimse de straitéisí coisctheacha a úsáid, lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe thuas, le dul i ngleic leis an gceist seo. Tá dea-bhainistíocht sna próisis pleanála, monatóireachta agus athbhreithnithe ag leibhéal scoile uile. Tá na naisc le gníomhaireachtaí a phléann le tinreamh daltaí a fheabhsú go han-mhaith, lena n-áirítear pearsanra an Chláir Críochnúcháin Scoile (SCP) agus leis na hOifigigh Leas Oideachais (EWO). Glacadh réimse de chuir chuige nuálacha ar nós córas 'fáilte ar ais' nuair a fhilleann daltaí drochthinrimh ar scoil. I gcás scoil amháin:

> *Cuirtear fáilte roimh dhaltaí a fhilleann tar éis neamhláithreachta agus tacaítear leo go dearfach chun iad a ath-imeascadh ina gcuid ranganna* (2010).

I gcás eile, dhírigh scoil fócas suntasach ar fháilte a chur roimh theaghlaigh daltaí drochthinrimh ar bhonn rialta isteach sa scoil. Sna scoileanna seo, is é an bealach is fearr le rátaí tinrimh daltaí a mbíonn fadhbanna leanúnacha acu a fheabhsú ná fócas comhsheasmhach a choinneáil orthu.

I measc ceanglais eile tuairiscithe, tá d'iallach ar gach scoil líon na ndaltaí atá as láthair le fiche lá nó níos mó a thuairisciú le Seirbhís Leas Oideachais Tusla, an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh. Ba é an sampla is measa de dhrochrátaí tinrimh i measc na gceithre scoil is daichead DEIS a measúnaíodh, scoil amháin inar chaill 55% de na daltaí níos mó ná fiche lá scoile. Níor tháinig aon fheabhsú nó chuaigh cúrsaí in olcas maidir le daltaí a chaill níos mó ná fiche lá in 27% de na scoileanna. Tugann na tagairtí seo a leanas ó thuairiscí cigireachta treoir do scoileanna ar leith maidir leis an gceist seo:

> *D'ainneoin gur feabhsaíodh tinreamh foriomlán, bíonn líon suntasach daltaí as láthair ó scoil ar feadh breis agus 20 lá sa bhliain. Ní raibh an sprioc a socraíodh – an líon seo a laghdú faoi 10% in aghaidh na bliana – insroichte. Moltar go mbeartófar spriocanna níos réadúla i leith líon níos lú daltaí arb iad a dtinreamh an chúis is mó imní* (2010).

I gcásanna eile, comhairlíodh do scoileanna a gcur chuige a leathnú lena chinntiú go ndearcfaí ar an drochthinreamh mar cheist a bheadh le réiteach ag an bpobal iomlán:

> *…. Tá líon na ndaltaí a chaill 20 lá ar a laghad fós go hard. Tá leagtha amach i bplean DEIS spriocanna agus straitéisí arb aidhm dóibh na rátaí seo a fheabhsú. Moltar na straitéisí seo a athbhreithniú. Ba chóir an fhéidearthacht a bhaineann le freagairt phobalbhunaithe don drochthinreamh a fhorbairt, i gcomhar le scoileanna agus le gníomhaireachtaí eile in (ainm an bhaile) a fhiosrú anois* (2014).

In 2005, d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne *Literacy and Numeracy in Disadvantaged Schools: Challenges for Teachers and Learners.* Sa tuarascáil seo, ardaíodh ceist na ndrochrátaí

---

[8] NEWB (2013) Analysis of School Attendance Data in Primary and Post-Primary Schools 2010/11

[9] NEWB (2013) Analysis of School Attendance Data in Primary and Post-Primary Schools 2010/11

tinrimh i measc croí-ghrúpa daltaí. Beagnach deich mbliana níos déanaí, maireann an cheist fós i mionlach suntasach (27%) de na scoileanna a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste. I gcomhthéacs pleanáil le haghaidh feabhsú tinrimh DEIS, ba chóir do scoileanna breithniú ar a bpáirtíocht leis an réimse iomlán de ghníomhaireachtaí a bhíonn ag feidhmiú ina bpobail áitiúla agus féachaint le straitéisí pobalbhunaithe a ghlacadh arb aidhm dóibh dul i ngleic le fadhbanna tinrimh. Tugtar faoin gceist seo a thuilleadh sa tuarascáil seo sa mhír a bhaineann le Páirtíocht.

***Tuairimí daltaí agus tuismitheoirí***

Tá an-tábhacht le cruthú timpeallacht chairdiúil fháilteach le heispéiris dhearfacha a thabhairt do dhaltaí agus is cuidiú é seo, dá thoradh, chun rátaí tinrimh a fheabhsú. De réir torthaí ceistneoirí a dáileadh mar chuid de na meastóireachtaí, is maith le bunús na ndaltaí (70%) dul ar scoil. Cé go bhfuil sé seo go dearfach, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh scoileannna aonair tairbhe as suirbhéanna nó fócasghrúpaí den chineál céanna a thiomsú lena gcuid daltaí lena fháil amach conas a d'fhéadfaí eispéiris scoile na ndaltaí a fheabhsú. Is fiú a thabhairt dár n-aire go bhfuil dearcadh an-dearfach ag tuismitheoirí ar an atmaisféar i scoileanna. D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir (98%) go gcuireann scoileanna fáilte rompu.

Tá dearcthaí saghas frithráiteacha curtha in iúl ag tuismitheoirí sna suirbhéanna faoi thinreamh. Mhaígh an-bhunús mór na dtuismitheoirí (99%) go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar scoil bunús na laethanta. Mhaígh 7% eile fosta, áfach, gur chaill a gcuid páistí cuid mhaith laethanta le linn na scoilbhliana ina ndearnadh an mheastóireacht. Is spéisiúil fosta dearcadh na ndaltaí agus 94% ag maíomh go dtagann siad ar scoil bunús na laethanta agus, chun freagra a thabhairt ar cheist eile, 13% ag maíomh gur chaill siad cuid mhór laethanta. Ceist eile a d'eascair as na freagairtí ceistneora gur thuairiscigh 52% de dhaltaí gur fhan siad ón scoil ar chúiseanna eile seachas tinneas.

| Ceist | Freagairtí 'Is ea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní hea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní heol dom' a fuarthas |
|---|---|---|---|
| Daltaí: Is maith liom teacht ar scoil | 70% (963) | 17% (234) | 13% (179) |
| Tuismitheoirí: Chaill mo pháiste cuid mhaith laethanta scoile i mbliana | 7% (98) | 90% (1265) | 3% (42) |

***Conclúidí***

Tá an-tábhacht le cruthú timpeallacht dhearfach scoile le dul i ngleic le drochthinreamh daltaí. Éiríonn le beagnach gach scoil a measúnaíodh a chinntiú go mbíonn sé seo amhlaidh agus, dá thoradh, tuairiscíonn bunús na scoileanna gur tháinig feabhas ar rátaí foriomlána tinrimh daltaí. Is léir go bhfuil scoileanna ar a ndícheall chun a chinntiú go bhfuil rátaí tinrimh ag feabhsú nó go gcoinnítear rátaí maithe tinrimh. Cinntíonn coistí tinrimh go ndírítear go leor fócais ar an gceist seo. Cinntítear trí shonraí tinrimh a bhailiú agus a anailísiú go rialta, agus é seo a úsáid i mbeartú spriocanna, gur spriocanna SIIRU iad siúd a roghnaítear. Baineann an príomhdhúshlán atá roimh scoileanna le dul i ngleic leis an ngrúpa beag daltaí a bhfuil fadhbanna leanúnacha tinrimh acu.

**Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag bunús na scoileanna:**

- pleanáil i gcomhair tinreamh feabhsaithe daltaí
- timpeallacht dhearfach, fháilteach a chruthú
- straitéisí éifeachtacha a fheidhmiú chun tinreamh a fheabhsú
- ag comhoibriú go héifeachtach le comhghleacaithe i ngníomhaireachtaí eile chun tairbhe na ndaltaí

**Na gnéithe a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr**


- spriocanna níos réadúla a bheartú maidir le daltaí a mbíonn fadhbanna leanúnacha tinrimh acu
- a gcuir chuige chun dul i ngleic le fadhbanna leanúnacha tinrimh a leathnú le go mbeadh an réimse iomlán de ghníomhaireachtaí a fheidhmíonn sna ceantair áitiúla páirteach

### 2.2.2 Coinneáil agus dul chun cinn

***Comhthéacs***

Léiríodh i dtuarascáil de chuid ESRI[10] a foilsíodh le déanaí an tábhacht atá le tionchar eispéiris scoile maidir le dul chun cinn go hard- agus breisoideachas. Mar sin de, tá dlúthnasc idir coinneáil agus dul chun cinn daltaí sa chóras oideachais agus coincheap na Foghlama Feadh an tSaoil. Mar atá leagtha amach i bplean gníomhaíochta DEIS, baineann an choinneáil lena chinntiú go bhfanann daltaí sa chóras scolaíochta go dtí go gcuirfear an Ardteistiméireacht i gcrích. Baineann dul chun cinn lena chinntiú go n-éiríonn le daltaí aistriú ó leibhéal amháin scoile go chéile; bíodh sé ó bhunscoileanna sóisearacha go bunscoileanna sinsearacha nó ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna i gcás na gceithre scoil is daichead DEIS a measúnaíodh.

Ag an gcuid is mó de bhunscoileanna, níl aon fhadhb ag baint le daltaí a choinneáil ó naíonáin shóisearacha go rang a sé agus dul chun cinn go dtí an dara leibhéal agus, mar sin de, d'fhéadfadh sé nach cuid lárnach de phróiseas pleanála DEIS na scoile í an phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin sna réimsí seo. Tá ríthábhacht, áfach, ag baint le heispéireas dearfach bunscolaíochta le dul chun cinn go dtí an dara leibhéal a chinntiú agus chun daltaí a choinneáil ar scoil go dtí deireadh na sraithe sinsearaí. Chuige sin, ba chóir do scoileanna na daltaí sin ar baol dóibh imeacht go luath a shainaithint agus beart a dhéanamh leis na fachtóirí is cúis le hiad imeacht a laghdú nó a chealú. Le cois tuismitheoirí agus foireann teagaisc, tá ról tábhachtach ag gníomhaireachtaí ar nós SCP agus HSCL lena shocrú cé na cineálacha bearta nó idirghabhálacha a d'fhéadfaí a chur ar fáil. I roinnt cásanna, bíonn na hidirghabhálacha seo dírithe ar ghrúpaí sainiúla nó daoine aonair sa scoil agus, i gcásanna eile, cuirtear straitéisí coiscthe uileghabhálacha i bhfeidhm.




[10] ESRI (2014) Leaving School in Ireland: A Longitudinal Study of Post-School Transitions

***Torthaí***
Tá na torthaí a bhaineann le pleanáil gníomhaíochta i gcomhair coinneáil agus dul chun cinn daltaí i gceithre scoil is daichead DEIS go han-dearfach. I mbeagnach gach scoil, tá na straitéisí a roghnaíodh (92%) agus a feidhmíodh (93%) le coinneáil agus dul chun cinn daltaí a chinntiú, den chuid is mó, go láidir. Ar an gcaoi chéanna, tá meicníochtaí éifeachtacha ag beagnach gach scoil (94%) chun tionchar agus dul chun cinn na n-idirghabhálacha a roghnaítear a mhonatóiriú. Ba é an beartú spriocanna an ghné ba laige den phróiseas pleanáil gníomhaíochta; mar sin féin, sa chuid is mó de na scoileanna (81%) ba threise na láidreachtaí sa ghné seo den phleanáil.

Léirítear sna torthaí, atá teoranta ag an méid fianaise atá ar fáil i mbunscoileanna, go n-éiríonn leis na scoileanna DEIS seo a chinntiú go gcuireann daltaí an bhunscolaíocht i gcrích agus go dtéann beagnach gach dalta ar aghaidh go dtí an dara leibhéal. Thuairiscigh na ceithre scoil is daichead uile gur coinníodh gach dalta. Taifeadadh fosta dul chun cinn na ndaltaí uile i mbeagnach gach scoil (91%). Tá leagtha amach sa ráiteas seo a leanas mar atá cúrsaí i scoil amháin ach is sampla é den dóigh a bhfuil cúrsaí sa mhórchuid:

> *Níl dúshlán ar bith ag an scoil maidir le daltaí a choinneáil go dtí go gcuireann siad an tsraith bhunscolaíochta i gcrích ná le dul chun cinn go dtí an dara leibhéal. Léirítear i sonraí ó na trí bliana is déanaí go ndeachaigh gach dalta chun cinn go scoileanna dara leibhéal* (2010).

D'ainneoin go bhféadfaí gurbh ábhar iontais é nach mbíonn iomlán dul chun cinn i gceist in 9% de na scoileanna, is fiú a shonrú gur líon an-bheag daltaí nár éirigh leo aistriú; mar shampla, dalta amháin i scoil amháin in 2010. Is léir gur éifeachtach obair na scoileanna leis na daltaí siúd ar baol dóibh imeacht go luath ón scoil. Tagraítear do chomhordaitheoirí HSCL, EWOnna agus do phearsanra SCP mar dhaoine a bhfuil ról tábhachtach acu sa réimse seo. Tá tairbhe á baint fosta as naisc le réimse níos leithne de ghníomhaireachtaí, lena n-áirítear seirbhísí óige agus soláthraithe breis- agus ardoideachais.

I measc na ndúshlán is suntasaí roimh choinneáil an chleachtais rathúil in aon chóras is ea go n-éireoidh scoileanna réchúiseach faoin gceist. Maidir leis an gceist seo, léirítear sna tuairiscí meastóireachta go gcoinníonn scoileanna fócas cuí ar choinneáil agus dul chun cinn. Léirítear sna samplaí seo a leanas go gcuireann scoileanna béim ar a chinntiú go n-aistríonn daltaí go réidh ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna:

> *… tá cleachtas fadbhunaithe ar siúl lena chinntiú go n-éiríonn le 100% de na daltaí aistriú go hiarbhunscoileanna sa cheantar. Tá obair SCP agus comhordaitheoirí HSCL go sonrach sa réimse seo* (2014).
> *D'fhonn ceist na n-aistrithe a éascú, tionólann an scoil tráthnónta eolais do dhaltaí an chúigiú agus an tséú rang ar bhonn bliantúil. Cuirtear foirmeacha iontrála ar fáil do gach dalta agus tugann an scoil tacaíocht nuair a thagann deacrachtaí aníos do thuismitheoirí agus foirmeacha á gcomhlánú. Cinntíonn an scoil go gcuireann gach dalta foirmeacha iarratais isteach in am* (2010).

I measc na mbeart eile a dhéanann scoileanna tá:
- freastal ar laethanta oscailte agus cláir ionduchtúcháin iarbhunscoileanna ag daltaí sinsearacha
- soláthar campaí Cásca agus samhraidh lonnaithe san iarbhunscoil
- plé faoi roghnú ábhar ag an dara leibhéal

Is léir go n-oibríonn na straitéisí a roghnaítear agus a fheidhmítear do bhunús mór maith dhaltaí leibhéal na bunscolaíochta. Mar sin féin, tá a fhios againn gur fadhb fós í coinneáil

daltaí ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta[11]. Mar sin de, dúshlán tábhachtach do bhunscoileanna DEIS a chinntiú gur réimsí fócais go fóill iad coinneáil agus dul chun cinn sa phleanáil gníomhaíochta DEIS. Is fearr é seo a dhéanamh trína chinntiú go gcoinnítear daltaí ach iad a choinneáil ar bhonn a bhfuil cuspóir leis i dtéarmaí na foghlama sa chiall is leithne. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist eispéiris scoile daltaí aonair a scrúdú; a mhinice a bhíonn siad ar shiúl ón rang, cé na cineálacha idirghabhála a thairgtear dóibh agus mar a ullmhaítear iad le dul chun cinn go dtí an dara leibhéal. Tá sé seo thar a bheith ábhartha do na daltaí sin a sainaithnítear gur baol dóibh imeacht go luath. Ní féidir rath fíor i leith coinneáil agus dul chun cinn daltaí a thomhas go dtí go mbíonn seal eile caite acu sa chóras oideachais. Maidir leis an gceist sin, ba chóir do scoileanna féachaint chuige go gcoinneofar naisc le hiarbhunscoileanna leis an dul chun cinn, nó eile, atá déanta ag a gcuid daltaí a rianú. Bhainfeadh sé seo le forbairt straitéisí cumarsáide dírithe ar dhul i ngleic le ceisteanna coinneála agus dul chun cinn.

***Tuairimí daltaí agus tuismitheoirí***
Tá ionchais tuismitheoirí go han-ard i dtéarmaí iarbhunscolaíocht a chur i gcrích agus dul chun cinn go dtí an tríú leibhéal i mórán cásanna. Tuairiscíonn formhór mór na dtuismitheoirí go rachaidh a gcuid páistí ar aghaidh go dtí oideachas iarbhunscolaíochta (99.5%) agus go bhfanfaidh siad lena nArdteistiméireacht a chur i gcrích (94%). I bhfócasghrúpaí a eagraíodh le linn na meastóireachtaí, chuir cuid mhaith tuismitheoirí in iúl gur mhian leo a gcuid páistí dul ar aghaidh níos faide go dtí an tríú leibhéal. Tá an dearcadh céanna ag daltaí faoina bhfuil i ndán dóibh agus tá sé lán chomh dearfach. D'fhreagair 93% de dhaltaí go bhfuil siad ag dúil le fanacht ar scoil go dtí deireadh na meánscolaíochta. Fíoras eile atá insonraithe gur mian le 77% de dhaltaí dul ar aghaidh chun an choláiste. Is croí-ghné i bhforbairt na dtuairimí seo, mar a thuairiscigh tuismitheoirí i bhfócasghrúpaí, cruthú timpeallacht dhearfach scoile atá tacúil lena gcuid páistí agus lena bhfoghlaim.

| Ceist | Freagairtí 'Is ea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní hea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní heol dom' a fuarthas |
|---|---|---|---|
| Daltaí: Ba mhaith liom dul chun an choláiste | 77% (1060) | 7% (96) | 16% (220) |
| Tuismitheoirí: Ba mhaith liom mo pháiste fanacht ar scoil chun an Ardteist a dhéanamh | 94% (1304) | 1% (14) | 5% (70) |

***Conclúidí***
De réir na meastóireachtaí, déanann scoileanna pleanáil éifeachtach gníomhaíochta maidir le coinneáil agus dul chun cinn daltaí, a oiread agus is féidir é seo a thomhas, ag leibhéal na bunscolaíochta. Léirítear fosta go bhfuil tuismitheoirí uaillmhianach ar son a gcuid páistí agus go gcuireann na daltaí féin in iúl go tréan gur mian leo an scolaíocht fhoirmiúil a chur i gcrích agus dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. Is léir gur cuidiú é cruthú timpeallacht dhearfach scoile, a chuireann chun cinn atmaisféar measa, cuimsitheachta agus rannpháirtíochta agus a chuireann ar chumas daltaí an rath a bhlaiseadh, chun a chinntiú go bhfanann daltaí ar scoil agus go gcothaíonn siad suim i ndul chun cinn tríd an gcóras oideachais go dtí an tríú leibhéal.

**Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag bunús na scoileanna:**

- A chinntiú go gcoinnítear daltaí ar scoil go dtí deireadh na sraithe bunscolaíochta
- A chinntiú go dtéann daltaí ar aghaidh go hiarbhunscoileanna
- A chinntiú go dtairgtear cláir thacaíochta agus iad ailínithe mar is ceart le freastal ar riachtanais na bpáistí

[11] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014) *Looking at planning processes in forty-four DEIS post-primary schools*

**Na gnéithe a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr:**

- Eispéiris scoile na ndaltaí is imeallaithe a scrúdú lena gcoinneáil bhríoch sa chóras oideachais a chinntiú
- Breithniú ar theagmháil a choinneáil le hiarbhunscoileanna chun treochtaí a shainaithint agus tacaíocht luath a thabhairt arb aidhm di coinneáil agus dul chun cinn daltaí a fheabhsú

### 2.2.3 Litearthacht

***Comhthéacs***

Is buntacar scileanna í an litearthacht atá riachtanach le tairbhe a bhaint as an oideachas. Áirítear le litearthacht an cumas foirmeacha éagsúla cumarsáide a léamh, a thuiscint agus a luach criticiúil a thabhairt dóibh lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs clóite, meáin chraolta agus meáin dhigiteacha[12]. Is cuspóir ríthábhachtach de chuid chóras oideachais na hÉireann é inniúlacht litearthachta a bhaint amach. Mura ngnóthóidh páistí leorchaighdeáin litearthachta, ní féidir leo tairbhe iomlán a bhaint as ár gcóras oideachais atá bunaithe ar an litearthacht. D'fhonn tacaíocht a thabhairt d'obair sa réimse seo, d'fhoilsigh an Roinn a *National Strategy to Improve Literacy and Numeracy among Children and Young People 2011-2020.* Leis an straitéis a chur i bhfeidhm, cuireadh in iúl do scoileanna go raibh gá leis an am atá ar fáil le haghaidh theagasc na léitheoireachta a mhéadú.[13] Níos déanaí (2012), d'fhoilsigh an Chigireacht *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte do Bhunscoileanna*. Tá an-bhéim sna *Treoirlínte* ar an mbealach ar féidir le scoileanna an próiseas féinmheastóireachta a úsáid le torthaí foghlama níos fearr a chinntiú dá gcuid daltaí.

Tá roinnt bearta sainiúla a bhaineann le litearthacht, lena n-áirítear dianchláir forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí, ar fáil do scoileanna atá páirteach i gclár DEIS. Tairgeadh tacaíocht do gach scoil DEIS le sainchláir litearthachta ar nós *Athghreim ar an Léitheoireacht* agus *First Steps* (2009). Tríd an Scéim HSCL forbraíodh agus tacaíodh le tionscnaimh ar nós *Reading for Fun*. Thuairiscigh an Chigireacht ar shamplaí den chleachtas éifeachtach in *Effective literacy and numeracy practices in DEIS schools.*

Dhírigh na ceithre mheastóireacht is daichead DEIS a rinneadh thar na trí bliana scoile aird ar a éifeachtaí a d'úsáid scoileanna sonraí óna measúnú féin ar an léitheoireacht agus ó fhoinsí eile chun spriocanna a bheartú, chun straitéisí cuí a roghnú agus a fheidhmiú agus chun torthaí a mhonatóiriú ag leibhéal dalta aonair agus/nó grúpa.


***Torthaí***

Mar a léirítear i bhfíor 2.4 thíos, tá an staid fhoriomlán a bhaineann leis an litearthacht go dearfach. Is forleithne láidreachtaí i ngach gné den phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin sa litearthacht. Léiríonn bunús na scoileanna dea-chleachtas i roghnú straitéisí cuí (86%) agus, ina dhiaidh sin, iad a fheidhmiú (86%). Ar an gcaoi chéanna, déanann bunús na scoileanna (82%) monatóireacht éifeachtach ar thionchar na straitéisí agus ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach. Mar sin féin, tá dúshláin roimh scoileanna. D'ainneoin go bhfuil an cleachtas éifeachtach i mbunús na scoileanna (61%), tá gá le beartú spriocanna a fheabhsú in 39% de scoileanna.

---

[12] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) *Literacy and Numeracy for Life: The National Strategy to Improve Literacy and Numeracy among Children and Young People 2011 - 2020*

[13] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) *Ciorclán 56/2011*



Fíor 2.4 Pleanáil DEIS: Litearthacht

Tá samplaí de chleachtais beartú spriocanna i dtuairiscí cigireachta scoileanna ar leith. Sa chéad chás, tá scoileanna (61%) ina bhfuil spriocanna litearthachta SIIRU (sainiúil, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúil agus uainithe). Lena chois sin, ceapann na scoileanna seo spriocanna atá difreáilte go minic trí ghrúpaí ranga nó do na daltaí sin ar cuireadh acmhainní breise ar fáil dóibh. Mar ar beartaíodh spriocanna SIIRU, tá cuid mhaith díobh ceaptha i dtéarmaí feabhsúchán ar thrialacha caighdeánaithe. Léirítear é seo sna samplaí seo a leanas:

> *Tá leagtha amach i bplean reatha DEIS spriocanna athbhreithnithe chun caighdeáin litearthachta daltaí a fheabhsú. Go sainiúil, is é atá beartaithe an líon daltaí a ghnóthaíonn ag an nó faoin 20ú peircintíl i dtrialacha Micra-T a laghdú ó 45% go 39% thar thréimhse trí bliana* (2011).

> *Tá roinnt spriocannna sainiúla leagtha amach ag an scoil a bhaineann le gnóthachtáil daltaí sa litearthacht; go príomha, chun líon na ndaltaí idir an 21ú agus an 40ú peircintíl a laghdú faoi 20% agus chun líon na ndaltaí idir an 41ú agus an 60ú peircintíl a mhéadú faoi 25% i dtrialacha Micra-T* (2014).

Sainaithníodh laigí i mbeartú spriocanna in 39% de scoileanna. Tá dhá phríomhcheist sainaitheanta ag cigirí maidir leis seo. Sa chéad chás de, tá cuid de na spriocanna róghinearálta:

> *San iomlán, tá spriocanna gnóthachtála litearthachta go sainiúil ach tá spriocanna ginearálta ann don léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Moltar na spriocanna don léitheoireacht agus scríbhneoireacht a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad níos sainiúla agus níos intomhaiste* (2011).

> *… sainmhínítear (na) spriocanna go príomha i dtéarmaí straitéisí agus cuir chuige atá le feidhmiú ar bhonn scoile uile nó ag leibhéil sainiúla ranga. Moltar na spriocanna seo a athbhreithniú a luaithe agus is féidir chun a chinntiú go gcuirfear na spriocanna athbhreithnithe in iúl i dtéarmaí feabhsúchán a bheidh le gnóthú i dtorthaí foghlama daltaí* (2014).

Sa dara cás de, níor éirigh le roinnt scoileanna a spriocanna a nascadh leis na sonraí atá ar fáil dóibh:

> *Moltar a thuilleadh úsáide a bhaint as an eolas measúnachta atá ar fáil le bonn eolais a chur faoi phleanáil clár agus díriú acmhainní amach anseo* (2010).

*Moltar a thuilleadh anailíse a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil lena chur ar chumas na scoile spriocanna fócasaithe litearthachta a bheartú a bhfuil baint dhíreach acu le riachtanais foghlama na ndaltaí, roinnt spriocanna san áireamh do leibhéil ranganna ar leith* (2011).

*…. moltar úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an réimse iomlán de shonraí measúnachta atá ar fáil do mhúinteoirí ag leibhéal ranganna ar leith nuair a bhíonn idirghabhálacha leanúnacha á bpleanáil* (2014).

D'ainneoin laigí a bheith ag mionlach suntasach de scoileanna sa réimse beartú spriocanna, is léir go bhfuil scoileanna éifeachtach i mbun roghnú agus feidhmiú straitéisí chun scileanna litearthachta a gcuid daltaí a fheabhsú. I mbunús na gcásanna, tagraítear i dtuairiscí meastóireachta d'fheidhmiú rathúil an réimse tionscnamh a dtacaíonn an Roinn leo. Ina measc seo tá:

- Athghreim ar an Léitheoireacht
- *Literacy Lift Off*
- *Reading for Fun*
- Na Chéad Chéimeanna Léitheoireachta
- Na Chéad Chéimeanna Scríbhneoireachta
- Na Chéad Chéimeanna Labhairt agus Éisteacht

Ceapadh cuid de na cláir seo lena soláthar i gcomhthéacs tacaíochta; cuid eile i suíomh rang príomhshrutha. Nuair a fheidhmítear go héifeachtach iad, athraíonn múinteoirí a gcur chuige teagaisc chun a chinntiú go mbítear ag freastal go héifeachtach ar riachtanais litearthachta na ndaltaí.

Úsáideann scoileanna fosta réimse straitéisí go héifeachtach chun na cláir seo agus eile a chur i bhfeidhm. Áirítear leo feidhmiú clár atá ar fáil ar bhonn tráchtála agus soláthar diantacaíocht shainiúil ag leibhéal ranganna áirithe i bhfoirm teagasc stáisiúin nó 'Power Hour'. Léirítear iarrachtaí scoileanna sa réimse seo sna sleachta seo a leanas as tuairiscí meastóireachta:

*Tá straitéisí agus idirghabhálacha cuí i bhfeidhm do gach grúpa a bhfuiltear ag díriú orthu agus tá cur amach ag gach ball foirne ar na haidhmeanna. Breathnaíodh teagasc éifeachtach sa chlár Forward Together, Na Chéad Chéimeanna agus 'Power Hour' na litearthachta agus teagasc stáisiúin, PAT agus Jolly Phonics* (2010).

*Tá an scoil ag feidhmiú réimse leathan d'idirghabhálacha éifeachtacha le tacú le teagasc agus foghlaim na liteartachta…. Bíonn gnéithe de Literacy Lift-Off agus Na Chéad Chéimeanna Léitheoireachta and Scríbhneoireachta le sonrú i ngach rang* (2011).

*Tá roinnt idirghabhálacha agus straitéisí chun gnóthachtáil litearthachta a chur chun cinn i bhfeidhm ar bhonn an-éifeachtach sa scoil. Áirítear leo gnéithe de chláir Na Chéad Chéimeanna Scríbhneoireachta, Literacy Lift Off, Reading Buddies, Jolly Phonics, Athghreim ar an Léitheoireacht agus cur chuige struchtúrtha i leith fhorbairt scileanna tuisceana agus scileanna feasacht fóineolaíochta na ndaltaí* (2014).

D'ainneoin go nglactar leis gur líon beag scoileanna atá i gceist, tá fianaise sna torthaí meastóireachta go bhfuil feabhas ag teacht ar chleachtais pleanála le haghaidh feabhsú scileanna litearthachta daltaí.

I dtuarascáil 2011 na Cigireachta ar chleachtais pleanála DEIS, díríodh aird ar an easpa feabhsúcháin ar scileanna litearthachta na ndaltaí i seacht scoil de na hocht scoil déag a bhí páirteach i meastóireacht 2010. Sna cásanna seo, cháin na cigirí, *inter alia*, na cuir chuige i leith teagasc scileanna léitheoireachta agus an anailís easnamhach ar thorthaí na

measúnachta. Sna scoileanna is déanaí meastóireachta, is léir gur tugadh faoina lán de na húdair imní seo.
Is léir tionchar dearfach na pleanála i bhfeabhsúcháin i gcroí-ghnéithe de scileanna litearthachta na ndaltaí. Déanann na cigirí tagairt dhearfach go háirithe do na feabhsúcháin atá tuairiscithe ag scoileanna i dtorthaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta daltaí. I measc na samplaí díobh seo tá:

> *Tá dul chun cinn den scoth déanta ar fhorbairt scileanna léitheoireachta na ndaltaí a bhfuil a ngnóthachtáil anois ag tarraingt ar noirm náisiúnta* (2010).
>
> *Tá tionchar dearfach ag idirghabhálacha ar ghnóthachtáil daltaí sa léitheoireacht; tá a cuid spriocanna, a leagadh amach i bplean DEIS, bainte amach ag an scoil. Tá laghdú 5% tagtha ar líon na ndaltaí atá ag feidhmiú faoin 50ú peircintíl le ceithre bliana anuas* (2011).
>
> *Léirítear i sonraí ó thrialacha caighdeánaithe gurb iad na daltaí sin a bhfuil a ngnóthachtáil sa raon is ísle a bhaineann an tairbhe is mó as dianiarrachtaí na scoile agus go bhfuil formhór mór na ndaltaí ag dul chun cinn* (2014).

Tá na feabhsúcháin i ngnóthachtáil i dtrialacha caighdeánaithe, faoi mar atá tuairiscithe ag scoileanna, ag cur le torthaí na meastóireachtaí náisiúnta a rinneadh i scoileanna DEIS. Mar shampla, d'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) tuarascáil feasacháin in 2013 dar teideal '*The evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013*.' Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar fheabhsúcháin a ghnóthaigh daltaí i dtrialacha caighdeánaithe litearthachta:

> Is an-ábhar dóchais iad na torthaí seo, ag léiriú gur tháinig méadú suntasach ar scóir sna trialacha ag gach leibhéal gráid idir bailiú sonraí bonnlíne in 2007 agus an tástáil leantach in 2010. Lena chois sin, léirítear i dtorthaí ón mbabhta is déanaí de thrialacha in earrach 2013, nach é amháin gur leanadh de na feabhsúcháin tosaigh ach gur tógadh orthu idir 2010 agus 2013[14].

Nótáiltear feabhsúcháin gnóthachtála do dhaltaí ardchumais agus ísealchumais acadúil araon. Maítear sa tuarascáil:

> ….laghdú suntasach ar dhaltaí a scórálann go híseal (mar is léir ó na laghduithe an-mhór ar chéatadáin na ndaltaí a ghnóthaíonn ag nó faoin 10ú peircintíl sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic), coinníodh céatadán lucht ardghnóthachtála sa dá ábhar agus méadaíodh é i roinnt cásanna [15].

Is é an príomhdhúshlán atá le tabhairt faoi fós, i dtéarmaí tionchair agus dul chun cinn a sainaithníodh i meastóireachtaí na pleanála gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin litearthachta sna ceithre scoil is daichead, forbairt scileanna theanga labhartha na ndaltaí ach, san am céanna, an fócas a choinneáil ar phleanáil i gcomhair fhorbairt scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaltaí. D'ainneoin gur tuairiscíodh feabhsúcháin i scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaltaí, is sonraíoch go ndearnadh moltaí a bhaineann le forbairt theanga labhartha na ndaltaí in 50% de na tuairiscí scoileanna aonair sna meastóireachtaí a rinneadh in 2011 agus 2014.

---

[14] An Foras um Taighde Oideachais (2013), *The evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013*.

[15] An Foras um Taighde Oideachais (2013), *The evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013*.

I measc samplaí de na moltaí seo tá:

> *Mar ghléas chun gnóthachtáil daltaí sa litearthacht a fheabhsú a thuilleadh, moltar go gceapfar spriocanna don teanga labhartha agus go gcuirfear clár teanga labhartha ar siúl agus i bhfeidhm ar fud na scoile* (2011).

> *Tá ag éirí go maith le múinteoirí i bhforbairt scileanna léitheoireachta na ndaltaí. Tá na daltaí ag léamh ag leibhéal teagascach agus meon dearfach acu ar an léitheoireacht. Cuireadh acmhainní den scoth ar fáil agus úsáidtear iad seo go héifeachtach. Chun tógáil ar an gcleachtas seo, moltar saintreoir a thabhairt do mhúinteoirí chun idirghabhálacha a cheapadh a dhíreoidh ar fheabhsú scileanna teanga labhartha* (2014).

***Tuairimí daltaí agus tuismitheoirí***

Fuarthas tuairimí daltaí agus tuismitheoirí ó cheistneoirí a dáileadh mar chuid den phróiseas meastóireachta. Tionóladh plé le fócasghrúpa tuismitheoirí. Tugadh ráitis den sórt seo a leanas sna tuairiscí meastóireachta:

> *Bhí tuismitheoirí san fhócasghrúpa an-dearfach faoi chur chuige na scoile i leith na léitheoireachta agus mhaígh siad go raibh a gcuid páistí ag léamh leabhar a bhí oiriúnach dá gcumas* (2011).

Is díol spéise é gur dearfaí i bhfad tuairimí tuismitheoirí ar chumas léitheoireachta a gcuid páistí ná tuairimí na ndaltaí féin. Mar fhreagra ar cheist faoi dhul chun cinn a gcuid páistí sa léitheoireacht, mhaígh 92% de thuismitheoirí go bhfuil ag éirí go maith lena gcuid páistí. Ba é go díreach 74% an figiúr coibhéiseach do thuairimí na ndaltaí ar a gcumais léitheoireachta. Tá tuairimí na ndaltaí comhsheasmhach, óir deir 73% go bhfuil ag éirí go maith leo ag an scríbhneoireacht agus ag an litriú. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara, áfach, a mhéad daltaí a thuairiscíonn nach bhfuil siad cinnte faoina fheabhas atá ag éirí leo i ngnéithe éagsúla den litearthacht. Tuairiscíonn beagán níos lú ná 20% nach bhfuil siad cinnte faoina fheabhas atá ag éirí leo sa scríbhneoireacht agus sa litriú agus 18% nach bhfuil siad cinnte faoina fheabhas atá ag éirí leo sa léitheoireacht. Ba chóir do scoileanna na himpleachtaí a bhaineann leis seo do chleachtais measúnachta a fhiosrú.

Mhaígh beagnach 91% de thuismitheoirí go spreagann an scoil a gcuid páistí bheith ag léamh sa bhaile. Is fianaise é seo, b'fhéidir, de chiall fhorbartha na páirtíochta idir an scoil agus an baile. Tá figiúr ard ann fosta - 81% - do dhaltaí a thuairiscíonn go mbíonn siad ag léamh sa bhaile.

| Ceist | Freagairtí 'Is ea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní hea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní heol dom' a fuarthas |
|---|---|---|---|
| Daltaí: Is léitheoir maith mé: | 74% (1015) | 8% (110) | 18% (247) |
| Tuismitheoirí: tá ag éirí go maith le mo pháiste sa léitheoireacht: | 92% (1302) | 4% (57) | 4% (57) |

***Conclúidí***

San iomlán, léirítear láidreachtaí i dtorthaí na meastóireachta maidir le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin sa litearthacht. Tá réimse oiriúnach straitéisí roghnaithe, feidhmithe agus monatóirithe ag bunús na scoileanna agus tá torthaí feabhsaithe daltaí tuairiscithe ag scoileanna, go háirithe sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Mar is amhlaidh le cuid mhaith de théamaí DEIS, cé go bhfuil láidreachtaí ag formhór na scoileanna (61%) i leith

beartú spriocanna, is gá do mhionlach suntasach cleachtas sa réimse seo a fheabhsú. Is gá go háirithe, spriocanna leis an teanga labhartha a fheabhsú, bunaithe ar mheasúnú stóinsithe ar an bhfianaise atá ar fáil.

Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag **bunús** na scoileanna:

- idirghabhálacha oiriúnacha le haghaidh feabhsú leibhéil litearthachta daltaí a roghnú, a fheidhmiú agus a mhonatóiriú
- Leibhéil gnóthachtála sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht a ardú
- Dearcadh agus meon daltaí i leith na léitheoireachta a fheabhsú


Na gnéithe a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr

- A chinntiú gur mó an aird a thugtar ar bheartú spriocanna litearthachta atá SIIRU
- A chinntiú go ndírítear ar fhorbairt scileanna teanga labhartha daltaí sa phleanáil gníomhaíochta
- Cleachtais measúnachta a scrúdú, lena n-áirítear aiseolas a thabhairt do dhaltaí, chun a chinntiú go mbíonn a fhios ag daltaí a fheabhas atá ag éirí leo agus mar a d'fhéadfadh siad tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ngnéithe éagsúla den litearthacht

### 2.2.4 Uimhearthacht

***Comhthéacs***

Dála na litearthachta, is gné thábhachtach í an uimhearthacht de phlean gníomhaíochta DEIS agus tá samplaí de chleachtas éifeachtach san uimhearthacht foilsithe ag an gCigireacht in *literacy and numeracy practices in DEIS schools* (2009). Cuimsítear i sainmhíniú na straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta an cumas tuiscint agus scileanna na matamaitice a úsáid le fadhbanna a réiteach agus plé le héilimh an tsaoil ó lá go lá. Dearctar ar an uimhearthacht, mar sin de, ní hé amháin go bhfuil sí bainteach le curaclam na Matamaitice ach, lena chois sin, go bhfuil fócas aici i ngach réimse den churaclam. Áirítear *Athghreim ar an Matamaitic* agus *Réidh, Socair, Déan - Mata* leis an tacaíocht chun scileanna uimhearthachta a fheabhsú atá ar fáil do scoileanna atá páirteach in DEIS. Cuireann na cláir seo tacaíocht idirghabhála dhian agus luath ar fáil le cur le hinniúlacht uimhearthachta na ndaltaí. Tá *Maths for Fun,* arna fheidhmiú trí scéim HSCL, ar fáil fosta do scoileanna atá páirteach in DEIS. Rinneadh meastóireacht ar éifeachtacht pleanáil gníomhaíochta scoileanna le scileanna uimhearthachta a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid sonraí chun spriocanna a bheartú agus chun torthaí a mhonatóiriú.



***Torthaí***

D'ainneoin go bhfuil an staid fhoriomlán maidir leis an uimhearthacht réasúnta dearfach, sainaithníodh laigí i mionlach suntasach de scoileanna. Mar atá léirithe i bhfíor 2.5 thuas, is treise láidreachtaí sa chuid is mó de na scoileanna maidir le roghnú (77%) agus feidhmiú (75%) straitéisí arb aidhm dóibh scileanna uimhearthachta daltaí a fhorbairt. Sonraíodh laigí, áfach, i mbeartú spriocanna agus i monatóiriú tionchar straitéisí agus dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach chun an uimhearthacht a fheabhsú. Cé gur láidreachtaí is treise in 61% de na scoileanna sna réimsí seo, is ábhar imní é gur féidir an cleachtas a fheabhsú in 39% de scoileanna.

Thuairiscigh cigirí nach raibh na cleachtais beartú spriocanna go héifeachtach ach in 61% de na scoileanna. Áirítear le samplaí de chleachtais éifeachtacha, srúdú dian ar an bhfianaise atá ar fáil, anailís sonraí san áireamh agus nascadh cuí spriocanna le fianaise:

> *Déantar mionanailís ar shonraí measúnachta ó thrialacha caighdeánaithe agus ó sheicliostaí na scoileanna araon agus úsáidtear iad chun spriocanna sainiúla, praiticiúla, intomhaiste agus uainithe a shocrú do ranganna, grúpaí agus daltaí aonair* (2010).
>
> *Is gné lárnach de phleananna bunaidh agus athbhreithnithe DEIS é an beartú comhoibríoch spriocanna don uimhearthacht. Cuirtear spriocanna in iúl i dtéarmaí feabhsúcháin shainiúla, réadúla agus intomhaiste i ngnóthachtáil daltaí ó leibhéil sonraí measúnú bonnlíne* (2011).
>
> *Leagtar amach spriocanna shainiúla, intomhaiste sa phróiseas pleanála don uimhearthacht. Is é aidhm na scoile an líon daltaí [a ghnóthaíonn] idir an $21^{ú}$ agus an $40^{ú}$ peircintíl a laghdú faoi 20% agus an líon daltaí [a ghnóthaíonn] idir an $41^{ú}$ agus an $60^{ú}$ peircintíl a mhéadú faoi 25%* (2014).

Sainaithníodh laigí sa bheartú spriocanna in 39% de scoileanna. Is í an cheist is mó a tháinig chun solais sna torthaí meastóireachta an easpa airde a tugadh d'anailísiú sonraí atá ar fáil, torthaí measúnachta san áireamh. Léirítear sna samplaí seo a leanas ó thuairiscí scoileanna aonair an gá atá le cleachtas a fheabhsú:

> *Tá na spriocanna i leith feabhsúchán san uimhearthacht róghinearálta. Níl aon fhianaise ann ina léirítear go ndearnadh aon anailís ar thorthaí trialacha caighdeánaithe chun deacrachtaí nó chun spriocghrúpaí daltaí a shainaithint (2010). Moltar fosta go ndéanann an scoil anailís ar thorthaí daltaí agus iad a úsáid sna snáithí éagsúla den churaclam Matamaitice le spriocanna níos sainiúla, uainithe a shocrú don idirghabháil fócasaithe* (2011).
>
> *Ba chóir gur ghné lárnach í an anailís seo ar [shonraí measúnachta] den phróiseas beartú spriocanna le fócas glinn ar gnóthachtáil daltaí a fheabhsú i réimsí sonracha Matamaitice le spriocghrúpaí sainaitheanta sa scoil* (2014).

Is léir gur gá do dhá chúigiú de na scoileanna a gcleachtais a scrúdú maidir le sonraí a úsáid nuair a bhíonn spriocanna uimhearthachta á mbeartú. Ba chóir do scoileanna próiseas córasach a cheapadh le sonraí a bhailiú agus a anailísiú chun beartú spriocanna uimhearthachta a fheabhsú.

Aithníodh dea-chleachtas sa chuid is mó de na scoileanna maidir le roghnú (77%) agus feidhmiú (75%) straitéisí leis an uimhearthacht a fheabhsú. Tá fócas i gcuid mhór den trácht i dtuairiscí scoileanna aonair ar an réimse straitéisí atá á úsáid chun cuir chuige chomhaontaithe i leith theagasc na Matamaitice a fheidhmiú. Tá áit lárnach sna straitéisí atá

á n-úsáid ag buíonteagasc agus teagasc stáisiúin. Aithnítear agus daingnítear rannpháirtíocht múinteoirí tacaíochta agus roinnt tuismitheoirí i ngnéithe de na tionscnaimh seo.

Cuireann feidhmiú straitéisí chun an uimhearthacht a fheabhsú d'iallach ar mhúinteoirí ranga agus tacaíochta glacadh le cuir chuige nua múinteoireachta, a gcláir a phleanáil ar shlí eile agus a chinntiú go dtarlaíonn an fhoghlaim go héifeachtach. Leis an gcur chuige seo, éascaítear neadú croí-straitéisí i gcleachtas laethúil sheomraí ranga na scoileanna. I measc na straitéisí a feidhmíodh i scoileanna DEIS bhí:

- Réidh, Socair, Déan - Mata
- *Maths for fun*
- Fadhb na seachtaine
- Athghreim ar an Mata

Is gá dea-chomhordú nuair a bhítear ag cur straitéisí comhaontaithe i bhfeidhm agus sainaithníodh comhordú clár mar ghné an-éifeachtach i scoileanna mar a raibh straitéisí á bhfeidhmiú go héifeachtach. Bíonn 'croí-ról' ag múinteoirí, cuid acu a ndeachaigh sainoiliúint orthu sna hidirghabhálacha 'ina gcur chun cinn agus a bhfeidhmiú ar fud na scoile (2010).'
Ní hionann agus téamaí DEIS eile, tuairiscíodh laigí i roghnú agus feidhmiú straitéisí chun uimhearthacht a fheabhsú i mbreis agus 20% de scoileanna. Sna scoileanna seo, tarraingíodh aird ar an ngá atá le cur chuige níos fócasaithe a ghlacadh i leith forbairt clár difreáilte Matamaitice. Cé go mbreithnítear go ginearálta ar an dúshlán chun clár difreáilte a fhorbairt i gcomhthéacs leibhéil gnóthachtála daltaí ísealchumais acadúla a fheabhsú, sna meastóireachtaí seo baineann an cheist go príomha le daltaí ardchumais acadúla. De réir na dtuairiscí, ní thugtar a ndóthain dúshláin do na daltaí seo:

> *Nótáladh fosta, i roinnt cásanna, gur léir go bhfuil daltaí in ann bheith ag obair ag leibhéal níos airde. Mar sin de, tá gá le cuspóirí foghlama níos dúshlánaí a shocrú do na daltaí is mó cumas.* (2010).
>
> *I measc na gcéad dúshláin eile don scoil, tá níos mó airde arís a dhíriú ar dhaltaí ardghnóthachtála* … (2011)
>
> *Ba chóir tuilleadh fócais a chur ar fhorbairt plean córasach le haghaidh forbairt theanga mhatamaitice na ndaltaí ag leibhéal scoile uile agus ar úsáid chláir TFC le dúshlán a thabhairt do dhaltaí leibhéil arda gnóthachtála* (2014).

Is tábhachtach a shonrú, áfach, go bhfuil samplaí ann de scoileanna ag breithniú ar fhreastal ar riachtanais daltaí ardchumais acadúla. I scoil amháin, cuirtear club iarscoile ar fáil don chohórt seo. I scoil eile :

> *… tugtar deiseanna breise do dhaltaí atá thar a bheith cumasach a gcuid scileanna matamaitice a shíneadh trí úsáid teanga ríomhchlárúcháin Scratch agus trí róbataic* (2014).

Tá codarsnacht láidir idir an aird a thugtar ar thionchar agus dul chun cinn i réimse na litearthachta agus an aird i bhfad níos lú a thugann scoileanna ar an ngné seo den phleanáil gníomhaíochta san uimhearthacht. Cé gur léir láidreachtaí in 80% de scoileanna i dtéarmaí monatóireachta ar thionchar agus dul chun cinn sa litearthacht, is é breis bheag agus 60% an figiúr comhfhreagrach don uimhearthacht. D'fhéadfaí gurbh amhlaidh, maidir le scoileanna a measúnaíodh in 2010 go háirithe, gur tugadh raibh tús áite do phleanáil i gcomhair feabhsúcháin litearthachta sa chéad dul síos agus nár sainaithníodh fós bearta comhaontaithe san uimhearthacht. Is réasúnta bheith ag dúil, mar sin de, go mbeadh dul chun cinn sa phleanáil gníomhaíochta don uimhearthacht beagán níos teoranta. Mar atá le tuiscint as an ráiteas thíos, bhí an dul chun cinn i roinnt scoileanna teoranta fós in 2011:

*Aithníonn lucht bainistíochta na scoile gur teoranta an dul chun cinn atá déanta maidir le feidhmiú na huimhearthachta i gcomhthéacs a plean DEIS agus tá an uimhearthacht sainaitheanta aici mar thosaíocht forbartha i gcomhthéacs an chéad phlean eile* (2011).

Tá fianaise níos dearfaí, áfach, le sonrú le déanaí. Cé gur líon beag scoileanna a measúnaíodh in 2014 (deich), sonraíodh láidreachtaí i dtéarmaí tionchair agus dul chun cinn san uimhearthacht in 70% de na scoileanna. Léirítear sna sleachta seo a leanas ó thuairiscí 2014 go ndearnadh dul chun cinn sa réimse seo:

*Bhí rath suntasach ar an scoil maidir le gnóthachtáil fhoriomlán daltaí san uimhearthacht a ardú. Tá comparáid an-fhabhrach idir gnóthachtáil an chohóirt reatha daltaí agus sonraí náisiúnta* (2014).

*Le trí bliana anuas d'éirigh leis an scoil an líon daltaí a ghnóthaíonn STEN de thrí nó níos lú a laghdú* (2014).

Tá ná torthaí dearfacha seo ag cur le torthaí de chuid ERC[16] ar na mallaibh maidir le feabhsúcháin sa ghnóthachtáil uimhearthachta i measc daltaí. Ag tagairt go sainiúil do cheist na tearcghnóthachtála sa Mhatamaitic, maítear sa tuairisc 'faoi 2013, ní raibh daltaí sa 2ú agus sa 3ú rang rófhada ón meán náisiúnta de 10%.... 'agus i gcás daltaí sna ranganna sinsearacha:

….tá laghdú mór tagtha (8.5%) ar an gcéatadán de dhaltaí a bhfuil scóir an-ísle acu ó bailíodh sonraí bonnlíne in 2007.

Tarraingíodh aird ar leith i dtuairisciú feabhsúcháin fhioriomlána i leibhéil ghnóthachtála i measc daltaí ar:

Mhéadaigh an céatadán de dhaltaí ardscóir faoi bhreis agus dó ag leibhéil 2ú agus 3ú rang le linn na tréimhse sé bliana agus in 2013 bhí céatadán lucht ardscóir sa mhatamaitic ag leibhéal an 3ú rang beagán níos airde ná an normghrúpa.

***Tuairimí daltaí agus tuismitheoirí***

Tá dearcadh níos dearfaí ag tuismitheoirí ar a fheabhas atá ag éirí lena gcuid páistí sa Mhatamaitic ná mar atá ag a gcuid páistí. D'fhreagair beagán os cionn 86% de thuismitheoirí go raibh ag éirí go maith lena gcuid páistí sa Mhatamaitic ach 76% an figiúr comhfhreagrach do dhaltaí. Mhaígh 68% de dhaltaí go raibh dúil sa Mhatamaitic acu. Is sonraíoch, áfach, gur mhaígh 20% de na páistí a rinne an suirbhé nach raibh dúil sa Mhatamaitic acu agus 12% eile nach raibh a fhios acu cé acu a bhí dúil sa Mhatamaitic acu nó nach raibh.

| Ceist | Freagairtí 'Is ea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní hea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní heol dom' a fuarthas |
|---|---|---|---|
| Daltaí: Tá dúil sa Mhata agam: | 68% (935) | 20% (275) | 12% (165) |
| Tuismitheoirí: Tá ag éirí go maith le mo pháiste sa Mhata | 86% (1208) | 6% (84) | 8% (112) |

[16] An Foras um Taighde Oideachais (2013), *The evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013*.


***Conclúidí***
D’ainneoin go bhfuil an staid fhoriomlán a bhaineann le pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin san uimhearthacht i scoileanna DEIS go dearfach, is ábhar imní é gur gá do bheagnach 40% de scoileanna a gcleachtas a fheabhsú i mbeartú spriocanna i gcomhair feabhsúcháin. Léirigh trí cheathrú de na scoileanna a measúnaíodh láidreachtaí i roghnú agus feidhmiú straitéisí chun uimhearthacht a fheabhsú. Thuairiscigh cigirí go gcuireann scoileanna na cláir a dtacaíonn an Roinn leo i bhfeidhm. Níl a oiread fianaise, áfach, ar dhul chun cinn i bhfeabhsú gnóthachtála san uimhearthacht, mar atá tuairiscithe ag na scoileanna. I measc na ndúshlán a ndéantar tagairt dóibh i dtuairiscí meastóireachta tá droch-chleachtais beartú spriocanna, easpa airde ar dhifreáil i gceachtanna agus easpa soiléire maidir le cuspóirí teagaisc.

Dar le formhór na ndaltaí go bhfuil ag éirí go maith leo sa Mhatamaitic (76%) agus dearcadh dearfach acu (68%) ar an ábhar. Is ábhar imní é, áfach, gurb é dearcadh líon ard daltaí nach bhfuil ag éirí go maith leo sa Mhatamaitic nó nach bhfuil a fhios acu a fheabhas atá ag éirí leo (24%). Ar an gcaoi chéanna, is gá do scoileanna a scrúdú cad chuige nach dtaitníonn an Mhatamaitic le mionlach suntasach dá ndaltaí (32%) nó níl siad cinnte an dtaitníonn sí leo.
Ba chóir do scoileanna machnamh ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile a úsáid le meon daltaí i leith a gcuid foghlama a scrúdú. Tá réimse d’uirlisí meastóireachta ar fáil, lena n-áirítear leideanna fócasghrúpa agus suirbhéanna, i rannán acmhainní shuíomh gréasáin www.schoolself-evaluation.ie.

**Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag bunús na scoileanna:**
- Straitéisí a roghnú agus a fheidhmiú chun uimhearthacht a fheabhsú
- Breithniú ar fheidhmiú réimse idirghabhálacha
- Croí-straitéisí chun uimhearthacht a fheabhsú a neadú i gcleachtas laethúil an tseomra ranga

**Ná gnéithe a d’fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr:**
- Spriocanna a bheartú atá níos sainiúla agus a gcuireann sonraí anailísithe bonn eolais níos fearr fúthu
- Cláir dhifreáilte a sholáthar ina mbíonn fócas ar leith ar leibhéil gnóthachtála daltaí d’ardchumas acadúil a fheabhsú
- Féachaint le meon daltaí i leith na Matamaitice a fheabhsú

### 2.2.5 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile
***Comhthéacs***
Bítear ag dúil le scoileanna a dtacaítear leo trí phlean gníomhaíochta DEIS páirtíochtaí a fhorbairt le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Tá d’iallach orthu fosta naisc a fhorbairt le réimse de ghníomhaireachtaí seachtracha chun tacú le daltaí fanacht ar scoil agus an rath a bhlaiseadh. Tiomsaíodh na torthaí ó na meastóireachtaí sna réimsí seo faoi cheannteideal na páirtíochta le tuismitheoirí agus le daoine eile. Is gnéithe fíorthábhachtacha den phróiseas pleanála DEIS iad forbairt agus cothú naisc éifeachtacha le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil. Is tábhachtach an ról atá ag an gcomhordaitheoir HSCL agus ag pearsanra SCP i mbunú, forbairt agus cothú naisc éifeachtacha idir an scoil, an baile agus an pobal áitiúil, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn breisoideachas agus ardoideachas.




***Torthaí***

Léirítear i bhFíor 2.6 thuas torthaí dearfacha na meastóireachtaí a bhaineann le pleanáil gníomhaíochta chun páirtíochtaí a fheabhsú le tuismitheoirí agus le daoine eile. Léirítear sna tuairiscí láidreachtaí i mbeagnach gach scoil i roghnú (91%) agus feidhmiú (91%) straitéisí chun páirtíochtaí a fheabhsú. Aithníodh láidreachtaí fosta i mbunús na scoileanna (80%) i monatóireacht thionchar agus dhul chun cinn na straitéisí seo. Is léir, áfach, go bhfuil líon beag scoileanna ann (20%), ar gá dóibh níos mó airde a thabhairt ar mhonatóireacht thionchar agus dhul chun cinn na straitéisí a roghnaítear. Amhail an patrún is léir i dtéamaí eile DEIS, léirítear sna meastóireachtaí gurb é an beartú spriocanna an eilimint is laige óir tá laigí sa ghné seo den phleanáil in 32% de scoileanna.

Is croí-ghné é den phleanáil gníomhaíochta rathúil beartú spriocanna cuí. Cé go bhfuil láidreachtaí ag bunús na scoileanna (68%) maidir le spriocanna a bheartú chun páirtíocht a fhorbairt le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil, is léir gur nádúr ginearálta atá ag a lán acu seo. I measc na samplaí díobh seo tá:

> …. *rannpháirtíocht tuismitheoirí leis an scoil a chothú* (2010).
>
> …. *an leibhéal comhpháirtíochta le tuismitheoirí agus le daoine eile a fheabhsú* (2011).
>
> *Tá sraith spriocanna cineálacha i bplean DEIS leis an gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile a fheabhsú* (2014).

Tá samplaí ann, áfach, de scoileanna a chuimsíonn spriocanna sainiúla i réimse na forbartha comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil. Tagraítear i dtuairisc amháin do:

> *….spriocanna sainiúla, intomhaiste a leagadh amach ar bhonn comhoibrithe chun rannpháirtíocht tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí pobail in obair na scoile a éascú* (2011).

I gcás eile, is é a rinne scoil:

> *….spriocanna soiléire a shainaithint chun rannpháirtíocht tuismitheoirí sa scoil agus in oideachas a gcuid páistí a chur chun cinn* (2014).

Éiríonn go maith le scoileanna i roghnú agus i bhfeidhmiú réimse straitéisí chun comhpháirtíocht le tuismitheoirí a fheabhsú. Is forleathan i mbeagnach gach scoil (91%) soláthar cúrsaí nó ranganna do thuismitheoirí. Soláthraítear dhá phríomhchineál cúrsaí: cúrsaí

a chuireann ar fail eispéireas dearfach oideachais do thuismitheoirí agus cúrsaí a mbíonn creidiúnú de chineál éigin ag gabháil leo. Is é príomhaidhm an chéad chineál cúrsa:

> *…. a chur ar chumas tuismitheoirí tacú le hoideachas a gcuid páistí. Tá dlúthnasc idir na cláir seo agus scileanna tuismitheoirí chun tacú le foghlaim a gcuid páistí a shíneadh agus a fhorbairt* (2011).

Nuair a sholáthraítear cúrsaí a bhfuil creidiúnú FETAC acu :

> *… tá dhá aidhm i gceist: eispéiris agus scileanna na dtuismitheoirí féin a fheabhsú agus caidreamh dearfach a chothú idir an scoil agus an baile* (2010).

Tuairiscíonn scoileanna go mbíonn an dá chineál cúrsa go héifeachtach i dtéarmaí na gcuspóirí atá leagtha amach acu. De réir torthaí ceistneoirí tuismitheoirí tá an-fheasacht i measc tuismitheoirí (86%) faoi réimse agus nádúr na gcúrsaí a chuirtear ar fáil dóibh i scoileanna. Deimhnítear go láidir obair chomhordaitheoirí HSCL sna tuairiscí maidir le cúrsaí do thuismitheoirí a éascú. Deimhnítear go láidir fosta gnéithe eile dá gcuid oibre. Tá beagnach gach tagairt sna tuairiscí do thionchar obair na gcomhordaitheoirí HSCL go dearfach. Tá tagairtí ann do na hiarrachtaí a dhéantar le tuismitheoirí a dhéanamh páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil amhail an léitheoireacht i gcomhpháirt agus an club obair baile.

Féadann straitéisí a spreagann tuismitheoirí le teacht isteach chun na scoile le tacú le foghlaim daltaí tionchar dearfach a bheith acu ar naisc idir an baile agus an scoil a dhaingniú. Is ar an ábhar seo a iarrann scoileanna ar thuismitheoirí bheith rannpháirteach i saol na scoile. Is é a dheimhnítear i dtuairisc amháin:

> *… clár píolótach scoilbhunaithe fiúntach, dea-eagraithe chun úsáid na matamaitice sa bhaile a spreagadh agus chun cuspóir DEIS na scoile a chur chun cinn le naisc le tuismitheoirí a neartú* (2011).

Glacann tuismitheoirí páirt fosta i gcláir arb aidhm dóibh leibhéil litearthachta agus uimhearthachta i measc daltaí a fheabhsú. Is iondúil go n-áirítear leis seo:

- *Maths for fun*
- Léitheoireacht beirte
- Cabhrú i leabharlann na scoile

Is é an aidhm atá le tionscnaimh eile ina gcuimsítear tuismitheoirí, meon daltaí faoina n-eispéiris scoile a fheabhsú. Is ar an ábhar seo a thuairiscítear rannpháirtíocht tuismitheoirí in *Clubanna Bricfeasta, Clubanna Obair Baile* agus an lá spóirt mar:

> ‘*…tuiscint chomhroinnte faoin bhfoghlaim scoilbhunaithe a éascú* (2010).’

Sna háiteanna a bhfuil sciar mór daltaí nach é an Béarla an chéad teanga acu ag scoileanna, oibríonn siad go héifeachtach le caidreamh a chothú leis na daltaí agus leis na tuismitheoirí araon. I roinnt cásanna, freastalaíonn na tuismitheoirí ar ranganna Béarla.

Roghnaíodh agus feidhmíodh straitéisí chun comhpháirtíochtaí leis an bpobal scoile a fheabhsú i roinnt bheag scoileanna (20%). Feidhmíonn réimse gníomhaireachtaí, idir reachtúil agus neamhreachtúil, i gcuid mhaith ceantar a bhfreastalaíonn scoileanna DEIS orthu. Áirítear leo Tascfhórsaí Drugaí, Comhlachtaí Páirtíochta Áitiúla, Seirbhísí Tacaíocht Teaghlaigh agus Seirbhísí Óige. Tagraítear i roinnt tuairiscí meastóireachta a foilsíodh le déanaí do mhéid na nasc atá ag scoileanna leis na gníomhaireachtaí bainteacha. Is sampla amháin é seo a leanas:

*Tá naisc den scoth le réimse gníomhaireachtaí a fheidhmíonn sa cheantar. Tá na naisc seo le leas na bpáistí, a dtuismitheoirí agus le feidhmiú na scoile go ginearálta* (2014).

Nuair a dhearctar ar na ceithre thuairisc is daichead ina n-iomláine, áfach, is beag tagairt shainiúil iontu do ghlacadh cur chuige ilghníomhaireachta chun dul i ngleic leis na dúshláin shuntasacha atá roimh scoileanna. Nuair a chuirtear san áireamh go gcuimsítear teaghlaigh i bhfócas na hoibre ag a lán de na gníomhaireachtaí seo, ba le leas na scoileanna a bpeirspictíochtaí a leathnú i dtéarmaí forbairt nasc leis an bpobal áitiúil. Mar shampla, más é tinreamh daltaí a mbíonn fadhbanna leanúnacha tinrimh acu a fheabhsú an fócas atá i bpleanáil gníomhaíochta DEIS ag scoil, d'fhéadfadh sé gur chabhair é comhordú tacaíochta ó réimse gníomhaireachtaí, agus é seo a nascadh le hiarrachtaí na scoile féin, chun cuid de na deacrachtaí a théann i bhfeidhm ar an tinreamh a réiteach. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir gur chuid dhílis den phróiseas pleanála é cur chuige córasach i leith chuimsiú na ngníomhaireachtaí bainteacha iar-bhunscolaíochta agus eile, an Clár Críochnúcháin Scoile san áireamh, chun coinneáil daltaí agus iad a chur chun cinn go dtí an iar-bhunscolaíocht, agus níos faide, a phleanáil. I mbeagán focal, is dócha gur fearr na torthaí a thiocfaidh as dul i ngleic le fadhbanna ó pheirspictíocht ilghníomhaireachta, go háirithe do na daoine óga sin ar baol nach gcoinneofar sa chóras oideachais iad a fhad le cur i gcrích na hArdteistiméireachta.

***Tuairimí tuismitheoirí***

De réir torthaí suirbhéanna a rinneadh i leith na meastóireachtaí, tuairiscíonn tuismitheoirí, i mbeagnach gach cás, go dearfach ar a gcuimsiú i saol na scoile. I bhfócasghrúpaí a tionóladh le tuismitheoirí le linn na meastóireachtaí, tuairiscíonn a bhformhór mór go bhfuil polasaithe 'doras oscailte' ag scoileanna agus go bhfáiltíonn múinteoirí roimh chumarsáid. De réir freagairtí ceistneoirí tá an dearcadh seo go forleathan i measc na dtuismitheoirí uile (98%). Ós rud é go bhfuil tábhacht le cruinnithe rialta idir múinteoirí agus tuismitheoirí, is fiú a shonrú go mbraitheann a bhformhór mór go bhféadfadh siad dul chun cinn a bpáistí ar scoil a phlé. Dhírigh cuid mhór de na tuairiscí DEIS aird ar ról agus ar obair an HSCL sa réimse seo. Mhaígh beagnach gach tuismitheoir (96%) a rinne suirbhé faoi choinne na meastóireachtaí go raibh a gcuid páistí an-sásta ar scoil.
Is léir fosta níos mó muiníne i measc tuismitheoirí as scoileanna:

*Tá go leor fianaise i dtorthaí ceistneoirí tuismitheoirí, i dtaighde scoilbhunaithe agus i bplé le tuismitheoirí de mheon agus ionchais fheabhsaithe ag tuismitheoirí* (2010).

Is iomaí tairbhe a baineadh as tuismitheoirí a bheith páirteach i saol na scoile. Tá tagairtí ina lán tuairiscí d'iontaoibh ag méadú i measc tuismitheoirí scoile:

*'…. in agallamh fócasghrúpa le tuismitheoirí, léiríodh ardleibhéil iontaoibhe agus measa a bheith bunaithe ag comhordaitheoir HSCL agus oibrí tionscadail SCP sa phobal áitiúil* (2014).

Leibhéil níos mó rannpháirtíochta ag tuismitheoirí le scoileanna an toradh atá air seo. I scoil eile:

*Tá sciar na dtuismitheoirí ó phobal na dTaistealaithe a fhreastalaíonn ar chruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ardaithe ó 11% go 80%. Is léiriú é seo ar a fheabhas a d'éirigh leis an scoil comhpháirtíochtaí láidre a chothú le tuismitheoirí* (2011).

Tuairiscíonn tuismitheoirí go mbíonn siad níos toilteanaí teagmháil a dhéanamh le scoileanna. Maíonn siad go mbíonn croí-phearsanra scoile, amhail príomhoidí agus comhordaitheoirí HSCL 'i gcónaí ar fáil' agus inteagmhála de réir mar is gá. Mhaígh beagán níos lú ná 90% de thuismitheoirí go gcomhairlíonn scoileanna dóibh faoi conas cabhrú lena gcuid páistí. Tá na

scoileanna an-éifeachtach i dtaca le fáilte a chur roimh dhaltaí atá nuathagtha chun na tíre. Sna cásanna seo:

> *….molann tuismitheoirí go hard na hiarrachtaí a dhéanann an scoil iad a fháiltiú isteach i bpobal na scoile agus iad a chuimsiú in oideachas a bpáistí* (2010).

| Ceist | Freagairtí 'Is ea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní hea' a fuarthas | Freagairtí 'Ní heol dom' a fuarthas |
|---|---|---|---|
| Tuismitheoirí: cuireann an scoil fáilte roimh thuismitheoirí | 98% (1384) | 1% (141) | 1% (141) |
| Tuismitheoirí: cuireann an scoil cúrsaí ar fail do thuismitheoirí | 86% (1208) | 5% (70) | 9% (206) |

**Conclúidí**

San iomlán, tá na torthaí a bhaineann leis an tslí a bhforbraíonn agus a gcoinníonn scoileanna comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus le daoine sa phobal go dearfach. Is léir go bhfuil tionchar foriomlán na gclár agus na dtionscnamh go dearfach fosta. Is i roghnú agus feidhmiú straitéisí dírithe ar naisc a fhorbairt idir an scoil agus an baile a léiríonn scoileanna na láidreachtaí is mó. Tá laigí le sonrú i líon beag scoileanna maidir le spriocanna a cheapadh atá sainiúil, intomhaiste agus uainithe. Tuairiscíonn formhór mór na dtuismitheoirí go han-dearfach, i gceistneoirí agus i bhfócasghrúpaí araon, ar a naisc le scoileanna. Tuairiscíonn siad fosta a shásta atá siad leis an tslí a gcoinníonn scoileanna ar an eolas iad faoi dhul chun cinn a gcuid paistí agus mar a théitear i ngleic le deacrachtaí.
Bíonn tionchar dearfach ag straitéisí a bhaineann le tuismitheoirí teacht chun na scoile le tacú le foghlaim na ndaltaí ar naisc a dhaingniú idir an baile agus an scoil. D'fhéadfadh sé bheith le leas scoileanna, chun dul i ngleic le ceisteanna amhail fadhbanna tinrimh, a bpeirspictíochtaí a leathnú ar an gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil le go gcuimseofaí réimse gníomhaireachtaí a oibríonn sa phobal sin.

**Na gnéithe atá á ndéanamh go maith ag bunús na scoileanna:**

- Cumarsáid le tuismitheoirí
- A chinntiú go mbíonn comhpháirtíochtaí idir an scoil agus an baile oscailte agus dearfach
- A chinntiú go n-éiríonn dearcadh tuismitheoirí ar an oideachas níos dearfaí

**Na gnéithe a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh níos fearr:**

- A chinntiú go mbíonn spriocanna i gcomhair comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus an pobal níos sainiúla agus intomhaiste
- Cur chuige níos leithne, ilghníomhaireachta a ghlacadh nuair a bhítear ag tabhairt faoi cheisteanna ar nós tinrimh agus coinneáil páistí sa chóras oideachais ar bhonn bríoch.

# CAIBIDIL 3: ACHOIMRE AR THORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ DEIS

## 3.1 Achoimre ar thorthaí: téamaí meastóireachta agus próiseas pleanála

Tugtar forbhreathnú sna míreanna seo a leanas ar thorthaí na meastóireachta sna ceithre scoil is daichead DEIS maidir le téamaí DEIS agus próisis pleanála DEIS. Is staid dhearfach atá i gceist maidir leis na téamaí meastóireachta agus próiseas pleanála DEIS.

### 3.1.1 Tinreamh

Tá na torthaí foriomlána a bhaineann le hiarrachtaí scoileanna tinreamh daltaí a fheabhsú go han-dearfach. Ní hionann agus téamaí DEIS eile, is treise láidreachtaí i mbunús na scoileanna i dtaca le beartú spriocanna i gcomhair feabhsúcháin i rátaí tinrimh daltaí. Tuairiscíonn beagnach gach scoil gur éirigh go maith leo rátaí foriomlána tinrimh a ardú. Níor léirigh ach trí scoil nár éirigh leo rátaí tinrimh daltaí a fheabhsú,  Tá dúshlán suntasach fós ann, áfach, maidir le croí-ghrúpa daltaí i scoileanna DEIS a bhfuil fadhbanna leanúnacha tinrimh acu a fheabhsú. Cé go dtuairiscíonn beagnach gach scoil feabhsúcháin tinrimh, níor éirigh ach le 16% díobh tinreamh daltaí a bhfuil fadhbanna leanúnacha tinrimh acu a fheabhsú. Admhaíonn na daltaí féin go bhfanann siad ón scoil uaireanta ar chúiseanna eile seachas tinneas.

### 3.1.2 Coinneáil agus dul chun cinn

Cé gur dearfach na torthaí meastóireachta i gcomhair coinneála agus dul chun cinn, ní mór iad seo a bhreathnú laistigh de na teorainneacha is féidir a thomhas ag leibhéal na bunscolaíochta. Le haghaidh tomhas níos cruinne, ba ghá daltaí a rianú go dtí deireadh na sraithe sinsearaí iarbhunscolaíochta, rud a bhí lasmuigh de scóip na meastóireachta seo. Mar sin féin, bhí straitéisí éifeachtacha ag bunús na scoileanna le tacú le coinneáil agus dul chun cinn daltaí. Is sonraíoch an méid tacaíochta a thugann bunscoileanna i leith an phróisis aistrithe do dhaltaí sinsearacha go dtí iarbhunscoileanna.

Is féidir blas a fháil ar a fheabhas a d'éirigh leis an tacaíocht agus na straitéisí chun coinneáil agus dul chun cinn a chinntiú trí dhearcadh agus uaillmhianta daltaí agus a dtuismitheoirí. Mhaígh 77% de na daltaí a bhí sa suirbhé go bhfuil beartaithe acu dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus is díol suntais go bhfuil an uaillmhian chéanna ag na tuismitheoirí dá gcuid páistí. Tagraíonn tuismitheoirí do chruthú timpeallacht dhearfach scoile mar imthoisc ina leith seo. Is é an dúshlán atá roimh scoileanna breithniú ar choinneáil agus dul chun cinn bríoch na ndaltaí is imeallaithe, é sin a dhéanamh ó pheirspictíocht idirghníomhaireachta agus, nuair is féidir, bheith i bpáirt leis na hiarbhunscoileanna leis an rath fadtéarmach a rianú.

### 3.1.3 Litearthacht

Bhí torthaí measctha ag an gCigireacht maidir le pleanáil gníomhaíochta le haghaidh litearthacht a fheabhsú i scoileanna DEIS in 2010[17]. Is léir go bhfuil dul chun tosaigh déanta ó shin. Is léir ó mheastóireachtaí a rinneadh níos déanaí go bhfuil scoileanna ag feidhmiú straitéisí go héifeachtach chun litearthacht a fheabhsú agus tá scoileanna ag tuairisciú go bhfuil ag éirí go maith leo gnóthachtáil litearthachta a fheabhsú, go háirithe i réimsí na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Ní thagraíonn ach tuairisc amháin d'easpa dul chun cinn i ngnóthachtáil fhoriomlán litearthachta sna scoileanna a measúnaíodh in 2011 agus 2014. Aon áit ar tuairiscíodh iad, is dearfach atá gach tagairt eile do ghnóthú caighdeán.

[17] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) *An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools*

D’ainneoin an fheabhsúcháin fhoriomláin i leibhéil gnóthachtála a thuairiscigh scoileanna, is dúshlán fós é beartú spriocanna sa réimse seo do mhionlach suntasach de scoileanna (39%). Sna scoileanna seo, tá gá le spriocanna a bheith níos sainiúla agus is gá do scoileanna sonraí atá ar fáil a úsáid nuair a bhíonn spriocanna á gceapadh. I mbeagán focal, ba chóir nasc soiléir, bríoch a bheith idir na torthaí measúnachta sa litearthacht, na spriocanna litearthachta a shocraítear agus na cuir chuige teagaisc, na hidirghabhálacha agus na straitéisí atá le sonrú i suíomhanna foghlama na scoile.

Dúshlán eile a bhaineann le litearthacht is ea forbairt scileanna teanga labhartha daltaí. Is don réimse seo a thagraíonn an moladh is minice maidir le litearthacht i dtuairiscí 2011 agus 2014. D’fhéadfadh sé gur dhírigh scoileanna aird ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta daltaí sa chéad dul síos óir braitear gur fusa iad seo a thomhas.

### 3.1.4 Uimhearthacht

D’ainneoin torthaí a bhaineann le pleanáil i gcomhair feabhsúcháin san uimhearthacht a bheith dearfach, den chuid is mó, shainaithin cigirí laigí sna réimsí beartú spriocanna agus tionchair agus dul chun cinn i mionlach suntasach de scoileanna (39%). Ós rud é gur sainaithníodh láidreachtaí i roghnú agus feidhmiú straitéisí chun uimhearthacht a fheabhsú i mbunús na scoileanna, ba chóir gur cuidiú é nascadh níos éifeachtaí na straitéisí seo le spriocanna SIIRU chun leibhéil gnóthachtála a fheabhsú. Ní raibh a fhios ag líon suntasach daltaí cé chomh maith agus a bhí ag éirí leo sa Mhatamaitic agus léirigh mionlach réasúnta mór nach bhfuil dúil san ábhar acu. D’ainneoin easpa spriocanna oiriúnacha i gcuid mhaith scoileanna, ba mhaith mar a comhordaíodh agus a seachadadh na cláir a tairgeadh.

Léirítear sna torthaí gur gá do scoileanna cur chuige difreáilte a chur ar fáil maidir le teagasc na Matamaitice a chinnteodh go háirithe go dtugtar dúshláin oiriúnacha do dhaltaí ardchumas acadúil.

### 3.1.5 Comhpháirtíocht

Is léir gur éirigh leis na scoileanna a bhí páirteach i meastóireachtaí DEIS timpeallacht dhearfach scoile a chruthú ata forbhfáilteach ag tuismitheoirí agus ag daltaí araon. Cuireadh tuairimí an-dearfach in iúl faoin scoil i suirbhéanna tuismitheoirí le cois comhphlé fócasghrúpaí a eagraíodh le tuismitheoirí. I dtéarmaí pleanála le haghaidh comhpháirtíochta le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil, thug scoileanna aird ar leith ar an dóigh a ndéanann siad cumarsáid le tuismitheoirí agus mar a iarrtar orthu bheith rannpháirteach mar is ceart i saol na scoile.

Ní dhearnadh a oiread céanna machnaimh ar cheapadh spriocanna sainiúla sa réimse seo. Ní raibh fianaise ann ach a oiread de scoileanna aird ar leith a thabhairt ar fhorbairt spriocanna agus straitéisí le haghaidh comhpháirtíochta sa phobal i gcoitinne. Tá samplaí ann ina mbeadh fócas níos mó ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí le leas spriocghrúpaí daltaí sna scoileanna. Mar shampla, nuair a bhíonn fadhbanna leanúnacha tinrimh i gceist i measc mionlach de dhaltaí, ba chóir do scoileanna spriocanna cuí a fhorbairt le haghaidh comhpháirtíochta leis na gníomhaireachtaí a bhíonn ag feidhmiú sa phobal áitiúil. Dála gach sprice, ba chóir gur spriocanna SIIRU iad agus ba chóir córais chuí monatóireachta a chur ar bun leis an dul chun cinn agus feidhmiú a fháil amach.

### 3.1.6 Próisis phleanála

Is léir ó na meastóireachtaí go bhfuil cáilíocht fhoriomlán na bpróiseas pleanála a bhíonn ar siúl ag na ceithre scoil is daichead go maith. Ba léir cuid mhór láidreachtaí i bpleanáil na scoileanna maidir le téamaí an tinrimh, na coinneála agus dul chun cinn agus na comhpháirtíochta. Tuairiscíonn scoileanna gur chuir a gcuid oibre sna réimsí seo le torthaí feabhsaithe dá gcuid daltaí i dtéarmaí tinrimh agus aistriú go dtí iarbhunscoileanna. Is léir fosta go bhfuil tionchar dearfach ag an bpleanáil i gcomhair litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú.

Tá gnéithe den phróiseas pleanála ar gá aird a dhíriú orthu i scoileanna DEIS. Is é an próiseas beartú spriocanna is tábhachtaí díobh seo. Is dúshlán fós é i scoileanna úsáid éifeachtach sonraí agus beartú spriocanna réadúla, intomhaiste bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil. Is údar deacrachta, i roinnt cásanna, a leithéid de dhúshláin nuair a fhéachann scoileanna le tuairisciú ar thionchar straitéisí nó gnóthú spriocanna.

Is gá do chuid mhór de na scoileanna ról na ndaltaí i bpróisis pleanála a fhiosrú agus a fhorbairt a thuilleadh fosta. Baineann sé seo go sainiúil le peirspictíochtaí daltaí ar cheisteanna a bhaineann le téamaí DEIS a mheas agus a thabhairt san áireamh, cuspóirí agus spriocanna foghlama a roinnt leo agus iad a bheith páirteach ar bhealach bríoch, iomchuí i measúnú a mhéad atá a spriocanna foghlama á ngnóthú. Tá sé seo amhlaidh go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht.

## 3.2 Achoimre ar phríomhghnéithe dearfacha a sainaithníodh sna ceithre mheastóireacht is daichead

San iomlán, léiríodh 199 toradh achomair dearfach a bhaineann le próiseas pleanáil gníomhaíochta DEIS sna ceithre mheastóireacht is daichead a rinneadh idir 2010 agus 2014. Sainaithníodh cuid mhaith samplaí eile den dea-chleachtas laistigh de na tuairiscí. Dála an réimse de chineál, méid agus ionad scoile, tá éagsúlacht ag baint leis na torthaí achoimre dearfacha. Is féidir, áfach, tuairim ar 60% de na príomhghnéithe dearfacha a ghrúpáil faoi na ceannteidil thíos. Sainaithnítear sa liosta seo a leanas na grúpaí seo agus meastacháin ar a gcéatadán minicíochta i measc an 199 toradh achomair dearfach:

- Ceannaireacht an phróisis pleanála (10%)
- Tiomantas na foirne don phróiseas (10%)
- Timpeallacht dhearfach scoile (5%)
- Feidhmiú rathúil idirghabhálacha (10%)
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí (10%)
- Tionchar agus dul chun cinn (15%)

Baineann an chuid eile de na torthaí dearfacha le cuid mhór gnéithe den phróiseas pleanáil gníomhaíochta amhail soláthar forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), soláthar acmhainní ardcháilíochta agus cleachtais beartú spriocanna.

Ar chuid mhór dóigheanna, tá an chéad dá cheannteideal idirghaolmhar agus idirspleách. Tá soláthar na ceannaireachta ardcháilíochta riachtanach ionas go mbíonn an phleanáil éifeachtach. I gcuid mhór cásanna, is é/í an príomhoide a thugann an cheannaireacht seo óir éiríonn leis/léi an clár oibre pleanála a thabhairt chun cinn. Tá éifeacht fosta, áfach, ag baint leis an gceannaireacht a thugann baill foirne. Mar sin de, is gné ríthábhachtach é tiomantas gach ball d'fhoireann na scoile chun torthaí feabhsaithe mar gheall ar phleanáil gníomhaíochta a chinntiú. Leis an tiomantas seo, cinntítear fócas scoile uile ar fheabhsúchán agus réitíonn sé an bealach ag daoine aonair dul i gceannas nuair is cuí.

Ar an gcaoi chéanna, tá nasc idir cruthú timpeallacht dhearfach scoile agus forbairt comhpháirtíochta le tuismitheoirí. Is léir gur mó an láithreacht ag tuismitheoirí i scoileanna DEIS ná mar a bhí roimhe. Deimhníonn siad fosta iarrachtaí na scoile timpeallacht fhorbhfáilteach a chruthú dá gcuid páistí agus dóibh féin.

Ar deireadh, moladh scoileanna as straitéisí agus idirghabhálacha comhaontaithe a bheith acu a cuireadh i bhfeidhm. Is díol spéise agus údar dóchais é gur bhain an chuid ba mhó de

na torthaí dearfacha le monatóireacht tionchar idirghabhálacha agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna a bhaint amach.

D'ainneoin go mbíonn pleanáil i gcomhair feabhsúcháin ar siúl ag na ceithre scoil is daichead uile ina comhthéacs féin, is léir ó na torthaí dearfacha i dtuairiscí scoileanna ar leith gur teaglaim d'eilimintí is cúis leis an rath. Tagann rath ar bhunscoil DEIS:

- nuair a bhíonn bonn daingean faoi choincheap na pleanála gníomhaíochta i gcomhair feabhsúcháin bunaithe ar fhianaise
- nuair a bhíonn ceannaireacht ag gach leibhéal sa scoil go héifeachtach
- nuair a roghnaítear straitéisí agus idirghabhálacha cuí lena bhfeidhmiú ar bhonn scoile uile, grúpa agus duine aonair i ndiaidh dianaanailíse ar na sonraí atá ar fáil
- nuair a dhéantar monatóireacht mhion ar fheidhmiú na straitéisí agus idirghabhálacha agus a leasaítear spriocanna de réir mar is cuí.

## 3.3 Achoimre ar phríomhréimsí le haghaidh forbartha a sainaithníodh sna ceithre mheastóireacht is daichead

San iomlán, rinneadh 110 moladh achomair sna ceithre thuairisc meastóireachta is daichead. Dála na dtorthaí dearfacha, is réimse de mholtaí éagsúla a rinneadh. Is féidir, áfach, 60% de na moltaí a ghrúpáil le chéile faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Spriocanna/cleachtais beartú spriocanna (30%)
- Measúnacht (10%)
- Tinreamh (10%)
- Difreáil (10%)

Baineann formhór mór na moltaí a rinneadh i réimsí na measúnachta agus na difreála le cleachtais litearthachta agus uimhearthachta. Déantar moltaí eile fosta i dtuairiscí scoileanna ar leith. Áirítear le samplaí díobh seo an gá atá le fócas níos sainiúla ar fhorbairt scileanna teanga labhartha na ndaltaí, an gá atá le tuilleadh comhoibriú idirghníomhaireachta agus an gá atá le gnéithe sainiúla den soláthar litearthachta nó uimhearthachta a fheabhsú.

Is ábhar imní é go mbaineann thart ar 30% de na príomh-mholtaí achoimre le spriocanna nó cleachtais beartú spriocanna. Is léir cad é an fhadhb. Ní thugtar go leor airde ar an réimse fianaise agus ar na sonraí atá ar fáil don scoil agus í i mbun beartú spriocanna nó tá na spriocanna róchineálach. Fiú mar a meastar an cleachtas a bheith, tríd is tríd, go maith, tá moltaí déanta a bhaineann le gnéithe den bheartú spriocanna ar gá aird nó feabhsú ina leith. Tá nasc idir beartú spriocanna agus an measúnú. Bailíonn scoileanna cuid mhór sonraí agus faisnéise faoi fheidhmíocht agus foghlaim a gcuid daltaí. Is iondúil go mbreathnaíonn múinteoirí feidhmíocht a gcuid daltaí sa rang, tugann siad trialacha dóibh go rialta, trialacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta ina measc. Baineann thart ar 10% de gach moladh achomair leis an tslí is fearr do scoileanna na sonraí seo a úsáid. Baineann cuid de na moltaí seo le cleachtais measúnachta scoile uile agus cuid eile le heilimintí sainiúla de chleachtais measúnachta.

D'ainneoin go dtuairiscíonn scoileanna feabhsúcháin i rátaí foriomlána tinrimh, tagraítear don réimse seo i dtuairim ar 10% de na moltaí achoimre uile. Den chuid is mó, dírítear ar ghnéithe sainiúla de thinreamh amhail an gá le rátaí tinrimh cailíní a fheabhsú nó an gá le fócas ar spriocghrúpaí daltaí.

Tá nasc idir moltaí a bhaineann le difreáil agus ceist ionchais múinteoirí. Is léir ó chuid de na

tuairiscí scoileanna ar leith gur gá clár a thairiscint do roinnt daltaí, go háirithe iad siúd a bhfuil ardchumas acadúil acu, a thugann a ndúshlán níos éifeachtaí. Ba chóir do mhúinteoirí, agus iad ag cur a gcláir oibre i bhfeidhm, go háirithe san uimhearthacht, a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais gach dalta ina gcuid ranganna.

# CAIBIDIL 4: CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

## 4.1 Conclúidí

- Is léir go bhfuil tionchar dearfach ag gabháil leis an ngníomhaíocht pleanála le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna DEIS. Le linn meastóireachtaí, thuairiscigh scoileanna feabhsúcháin i gcuid mhór gnéithe de théamaí DEIS, lena n-áirítear tinreamh, litearthacht agus uimhearthacht. Léirigh tuismitheoirí agus daltaí fosta ardionchais chuí maidir le dul chun cinn go dtí an dara leibhéal agus níos faide.
- Is é an toradh atá ar phleanáil i gcomhpháirt glacadh le cleachtais éifeachtacha scoile uile ar cuidiú iad le feabhsúcháin a ghnóthú i dtéamaí DEIS.
- D'ainneoin fianaise ar fheabhsúcháin fhoriomlána, tá dúshláin fós ag scoileanna maidir le tabhairt faoi ghnéithe de théamaí DEIS. Áirítear leo: leibhéil tinrimh daltaí a mbíonn drochthinreamh seasmhach acu; forbairt teanga labhartha daltaí; dúshlán cuí a thabhairt do dhaltaí ardchumais acadúil, sa Mhatamaitic go háirithe; agus naisc níos fearr a chruthú leis an réimse iomlán de ghníomhaireachtaí a fheidhmíonn i gceantair na scoileanna.
- Dírítear aird sna ceithre mheastóireacht is daichead ar an tábhacht atá le ceannaireacht éifeachtach scoile, ag gach leibhéal, i bpleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna DEIS. Sna háiteanna a raibh an phleanáil go héifeachtach, bhí dea-cheannaireacht sa phróiseas.
- Is léir, maidir leis na scoileanna DEIS a ndearnadh meastóireacht orthu, gur éirigh leo timpeallacht dhearfach a chruthú. Thuairiscigh tuismitheoirí gur mhothaigh siad go raibh fáilte rompu ar scoil agus is maith le bunús na bpáistí dul ar scoil. Tá nasc idir cruthú timpeallacht mhuinteartha, fhorbhfáilteach agus tuismitheoirí agus daltaí sna ceithre scoil is daichead DEIS ardionchais a léiriú maidir le dul chun cinn tríd an gcóras oideachais. Is léiriú dearfach ar an teagmháil acu le hoideachas bunscoile go mbíonn beagnach gach tuismitheoir ag dúil go bhfanfaidh a gcuid páistí ar scoil agus an Ardteistiméireacht a chur i gcrích agus go maíonn bunús na ndaltaí sna scoileanna seo gurb é a n-uaillmhian dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal.
- Tá nasc follasach idir féinmheastóireacht scoile, ar riachtanas é anois i ngach scoil, agus pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin. Tá fianaise sna meastóireachtaí seo go dtacaítear le pleanáil gníomhaíochta, arb iad feabhsúcháin i ngach téama DEIS an toradh a bhí uirthi, i scoileanna DEIS trí dhea-phróisis féinmheastóireachta agus go bhfuil dlúthnasc eatarthu. Áirítear leis na dúshláin atá rompu beirt agus ar gá iad a shárú i scoileanna DEIS: úsáid éifeachtach fianaise chun eolas bonnlíne a sholáthar; sonraí atá ar fáil le beartú spriocanna a éascú; agus spriocanna SIIRU a bheartú, a chuirfidh ar chumas scoileanna dul chun cinn a thomhas go hiontaofa.

## 4.2 Croí-mholtaí

**Moladh 1:**
**Acmhainn a fhorbairt i scoileanna DEIS i gcomhair pleanáil feabhsúcháin agus féinmheastóireachta**

Léiríodh i meastóireachtaí ar phleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin in 2010 na dúshláin atá roimh scoileanna chun sonraí atá ar fáil a úsáid agus spriocanna soiléire i gcomhair feabhsúchán a bheartú. Ó shin i leith, tá treoirlínte agus ábhair forbartha ag an gcigireacht chun tacú le féinmheastóireacht scoile agus d'eagraigh cigirí agus pearsanra seirbhísí tacaíochta seimineáir do scoileanna agus thug cuairteanna comhairleacha orthu. D'ainneoin na tacaíochta seo, is léir go mbeidh tuilleadh tacaíochta de dhíth ar scoileanna le leanúint d'acmhainn a fhorbairt i réimse na féinmheastóireachta agus na pleanála

gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin. Ionas go bhforbrófar tuiscint níos doimhne ar an bpróiseas féinmheastóireachta agus ar an tábhacht atá le beartú spriocanna a bhfuil cuspóir leo mar bhuneilimint de chuid na pleanála le haghaidh feabhsúcháin:

- Moltar go gcuirfidh gach duine a bhfuil de dhualgas orthu tacaíocht pleanála a sholáthar do scoileanna DEIS lena bhfeasacht ar na gnéithe de chleachtas éifeachtach a bhaineann le pleanáil DEIS agus le féinmheastóireacht scoile (SSE) araon. Cuirfidh sé seo ar a gcumas treoir a thabhairt ar fheidhmiú éifeachtach an dá riachtanas. Ba chóir go soiléireodh ionchuir ó na seirbhísí tacaíochta agus comhairle ón gcigireacht amach anseo gnéithe de SSE a bhfuiltear ag dul i ngleic leo cheana i scoileanna DEIS agus go léireodh siad na heilimintí breise a bhfuil gá leo mar chuid de phróiseas SSE.
- Moltar go n-úsáidfidh gach páirtí leasmhar – an Roinn Oideachais agus Scileanna, lucht bainistíochta scoileanna, ceannairí scoile agus a gcuid eagraíochtaí agus na seirbhísí tacaíochta – neadú próisis féinmheastóireachta scoile mar dheis chun an acmhainn atá de dhíth i scoileanna DEIS a fhorbairt agus chun cleachtas gairmiúil, comhoibríoch a chur chun tosaigh.

**Moladh 2:**
**Acmhainn ceannaireacht scoileanna a fhorbairt**

Dírítear aird, mar sin de, sna tuairiscí meastóireachta ar an tábhacht atá le ceannaireacht éifeachtach scoile, ag gach leibhéal, i bpróiseas pleanáil gníomhaíochta DEIS. Nuair a d'eascair torthaí feabhsaithe do dhaltaí as pleanáil gníomhaíochta DEIS, thug príomhoide na scoile, agus daoine eile ar a raibh an fhreagracht chéanna, ceannaireacht éifeachtach. Tá dúshláin agus deiseanna ag baint le ceannaireacht le haghaidh feabhsúcháin ina bhfuil tuiscint de dhíth ar an tslí ar chóir ceannaireacht a dháileadh agus ar an tábhacht atá le hacmhainn ceannaireachta a fhorbairt:

- Moltar dóibh siúd uile ar a bhfuil freagracht as tacú le ceannairí scoileanna DEIS breithmheas criticiúil a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta atá siad a thairiscint, i bhfianaise nádúr ríthábhachtach ról na ceannaireachta i scoileanna. Ba chóir do phátrúin, iontaobhaithe agus boird scoile a chinntiú go mbíonn róil ceannaireachta soiléir agus go sanntar, go roinntear agus go dtacaítear le freagrachtaí ceannaireachta mar is cuí.
- Moltar go bhforbrófar bealach struchtúrtha go dtí poist ceannaireacht scoile sa chóras oideachais ar mhaithe le gach scoil ach do scoileanna DEIS go háirithe. Chuige seo, beidh gá le cinntí polasaí faoi earcaíocht, forbairt ghairmiúil agus fostú ceannairí scoile inar chóir go mbeadh ról ceannais ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Moltar go gcuirfear struchtúir ar bun chun a chinntiú go mbeidh forbairt ghairmiúil ardcháilíochta ar fáil d'ábhar ceannairí scoile roimh a gceapadh, do cheannairí scoile nuacheaptha agus, ina dhiaidh sin, ar bhonn leanúnach le scileanna a chothabháil agus a dhaingniú. Chuige sin, beidh gá le fócas athnuaite ar oideachas agus forbairt ghairmiúil ceannairí scoile ag lucht déanta beartas laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna, forais bainistíochta agus ceannaireachta, seirbhísí tacaíochta, coláistí agus gréasáin na n-ionad oideachais. Beidh gá ar leith fosta le haird a thabhairt ar riachtanais shainiúla scoileanna DEIS.

**Moladh 3:**
**Tabhairt faoi théamaí sainiúla DEIS mar a bhfuil laigí comhsheasmhacha**

D'ainneoin go bhfuil an iomad láidreachtaí sainaitheanta i gcleachtas agus i dtorthaí feabhsaithe i dtéamaí uile DEIS sna ceithre scoil is daichead, tá dúshláin ann fós. Thug scoileanna aghaidh ar chuid mhór de na ceisteanna a bhaineann le tinreamh agus chruthaigh timpeallachtaí dearfacha foghlama a chothaíonn muinín daltaí agus a dtuismitheoirí as na deiseanna a thairgtear trí fhanacht ar scoil. Tá tuilleadh deiseanna, áfach, le tapú as an bhféidearthacht a bhaineann le cur chuige ilghníomhaireachta chun tabhairt faoi dhúshláin i

dtéamaí tinrimh, coinneála agus dul chun cinn DEIS. D'fhéadfadh cur chuige den chineál seo bheith ina chabhair ag scoileanna go háirithe ina gcuid iarrachtaí tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le daltaí a mbíonn fadhbanna seasmhacha tinrimh acu.

Tuairiscíonn scoileanna dul chun cinn suntasach i bhfeabhsú leibhéil gnóthachtála sa litearthacht agus is léir dul chun cinn, ach ní a oiread céanna, san uimhearthacht. Mar sin féin, maireann roinnt bheag údair imní i dtéamaí DEIS na litearthachta agus na huimhearthachta araon. Dealraíonn sé gur éirigh le scoileanna díriú ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a ardú ach nach raibh siad chomh héifeachtach céanna i bhforbairt scileanna teanga labhartha daltaí. San uimhearthacht agus sa Mhatamaitic, cé go bhfuil láidreachtaí ag bunús na scoileanna i roghnú agus feidhmiú straitéisí, ní léir go fóill a dtionchar ar ghnóthachtáil i mionlach suntasach de na scoileanna. Ábhar imní amháin a aibhsíodh sna meastóireachtaí is ea an gá do scoileanna freastal ar shlí níos éifeachtaí ar dhifríochtaí aonair maidir leis an uimhearthacht. Is gá riachtanais daltaí d'ardchumas acadúil go háirithe a chur sa mheá.
Ionas go dtabharfar faoi laigí sainaitheanta sna téamaí sainiúla seo:

- Moltar go nglacfaidh scoileanna cur chuige ilghníomhaireachta nuair a bhíonn siad ag tabhairt faoi cheisteanna ar nós tinrimh agus coinneáil rathúil daltaí sa chóras oideachais. Ba chóir fócas ar leith a dhíriú ar na daltaí sin a sainaithnítear fadhbanna leanúnacha tinrimh a bheith acu agus iad siúd ar mó a mbaol imeacht ar fad ón oideachas. Chuige seo, beidh gá le cruthú caidreamh éifeachtach, táirgiúil le seirbhísí atá ar fáil go háitiúil chomh maith le leanúint den teagmháil leis an tacaíocht atá ar fáil tríd an gClár Críochnúcháin Scoile agus í a fheabhsú nuair is cuí.
- Moltar gur mó an fócas a bheidh ag scoileanna ar an teanga labhartha agus iad i mbun pleanála le haghaidh feabhsúcháin sa litearthacht ionas go bhfeabhsófar torthaí do dhaltaí sa réimse seo. Moltar fosta go gcinnteoidh na seirbhísí tacaíochta a bhíonn ag obair le scoileanna DEIS go mbíonn eolas ag scoileanna ar an réimse iomlán d'acmhainní atá ar fáil chuige seo agus go gcuimsíonn an tacaíocht a chuirtear ar fáil don litearthacht gach gné de scileanna litearthachta chomh maith le comhtháthú na scileanna sin.
- Moltar go leanfaidh scoileanna nó go n-athnuafaidh siad, más ábhartha, a gcuid iarrachtaí cláir oiriúnacha dhifreáilte a sholáthar i réimsí na huimhearthachta agus na Matamaitice. Nuair a chinntíonn siad go dtugtar aghaidh ar riachtanais uimhearthachta gach dalta, ba chóir do scoileanna níos mó airde a thabhairt ar leibhéil gnóthachtála a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil ardchumas acadúil acu. Moltar fosta go gcuideodh siad siúd a thugann tacaíocht agus comhairle do scoileanna leo cur chuige difreáilte a fheidhmiú i leith uimhearthacht agus Matamaitic a fheabhsú trí ábhair a chur i láthair, ríomhchláir TFC san áireamh, a d'fhéadfadh bheith úsáideach agus trí chuidiú le scoileanna cleachtais a fhorbairt a chuireann ar chumas gach dalta dul chun tosaigh de réir a gcumais féin.

**Moladh 4:**
**Comhordú agus cuntasacht i scoileanna DEIS a fheabhsú**

Is feidhmeanna de chuid ceannairí scoile go príomha iad an comhordú agus an chuntasacht. Is é prionsabal na coimhdeachta, go ndéantar cinntí ag an leibhéal is cóngaraí don áit a mbeidh tionchar acu, atá mar bhonn agus taca faoin dóigh a ndírítear acmhainní breise ar scoileanna DEIS agus, mar sin de, tugtar ardleibhéal neamhspleáchais do lucht bainistíochta scoileanna. Bíonn fócas de dhíth chun an réimse tacaíochta a bhíonn ar fáil do scoileanna DEIS a chomhordú, fócas ar an tacaíocht a thugtar go díreach do scoileanna agus orthu siúd a thugtar trí struchtúir amhail cnuasghrúpaí an Chláir Chríochnúcháin Scoile (SCP). Mar sin de:

- Moltar go n-úsáidfear na hacmhainní agus pearsanra breise a cuireadh ar fáil do

scoileanna DEIS chomh héifeachtach agus is féidir. Ba chóir na hacmhainní seo a chomhordú go héifeachtach le dúbailt nó bearnaí sa soláthar a chealú.

- Moltar go sainmhíneoidh scoileanna go soiléir agus go gcuirfidh siad ar pár ina bpleananna gníomhaíochta DEIS róil pearsanra scoilbhunaithe agus seachtrach laistigh de DEIS agus go gcinnteoidh ceannairí scoile go bhfuil meicníochtaí iontaofa tuairiscithe ar bun.
- Moltar go n-úsáideann príomhoidí a rannpháirtíocht sna coistí áitiúla stiúrtha SCP chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht a thagann ó SCP ar shlí éifeachtach, dhírithe agus inmharthana. Ba chóir do na coistí stiúrtha beartú le haghaidh teagmhais éagsúla agus bearta a dhéanamh atá, dar leo féin, riachtanach chun a chinntiú go leanfar de thacaíocht do spriocdhaltaí.

# AGUISÍN1: PLEANÁIL GNÍOMHAÍOCHTA DEIS: TREOIR AR THUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA

| | Beartú spriocanna | Roghnú straitéisí | Feidhmiú straitéisí | Monatóireacht ar thionchar agus dul chun cinn |
|---|---|---|---|---|
| 4 | Tá sonraí cuí bailithe agus anailísithe ag an scoil. Baineadh tátal, ag sainaithint réimsí sainiúla mar thosaíochtaí i gcomhair feabhsúcháin agus forbartha. Tá spriocanna réadúla, bunaithe ar fhianaise, beartaithe. Tá idirghabhálacha oiriúnacha scoilbhunaithe, ábhartha nasctha le gnóthú spriocanna sainiúla agus sainaitheanta do gach dalta nó do dhaltaí sainithe. Tá róil agus freagrachtaí i leith gach gné den phróiseas pleanála (bailiú agus anailís sonraí, beartú spriocanna) sainmhínithe go soiléir agus sannta. Tá struchtúir ar bun chun an próiseas seo a bhainistiú ionas gur próiseas scoile uile é. Tá amscálaí agus critéir ratha socraithe. | Meastar gach idirghabháil agus straitéis a thairgtear chun a n-oiriúnacht do na spriocghrúpaí nó don scoil a fhiosrú. Sainaithnítear agus ainmnítear idirghabhálacha nó straitéisí scoile uile nó ábhartha do gach dalta nó do spriocdhaltaí. Tá cur amach ag gach ball foirne ar idirghabhálacha agus straitéisí agus ar a n-aidhmeanna agus cuspóir. Tá idirghabhálacha agus straitéisí sainaitheanta oiriúnach don fheidhm agus an-ábhartha don phobal scoile. | Rinneadh feidhmiú éifeachtach den phleanáil ar bhonn scoile uile. Dírítear feidhmiú go soiléir ar na spriocanna beartaithe a ghnóthú. Tá cur amach ag baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí ar idirghabhálacha agus straitéisí. Úsáideann baill foirne idirghabhálacha agus straitéisí mar is cuí. Cuireadh FGL cuí ar fáil le feidhmiú straitéisí agus gnóthú spriocanna a chinntiú ar bhonn scoile uile. | Tuigeann baill foirne cad é mar a thomhaisfear dul chun cinn. Úsáidtear sonraí cuí le dul chun cinn a thomhas i dtreo ghnóthú na spriocanna. Tá fianaise shoiléir ann de dhul chun cinn atá déanta sa spriocréimse. Bhí monatóireacht leanúnach ann ar an dul chun cinn. Coigeartaíodh spriocanna nuair ba chuí. Tá cur amach ag baill foirne ar dhul chun cinn scoile uile agus baint acu le spriocanna agus/nó straitéisí a athbhreithniú. Cuirtear tionchar agus dul chun cinn in iúl do thuismitheoirí agus daltaí de réir mar is cuí. |
| 3 | Maidir le sonraí, cé go bhfuil na próisis agus struchtúir slán, tríd is tríd, agus ar aon dul leo siúd a bhfuil cur síos orthu ag 4 thuas, tá bearnaí nó easnaimh áirithe ann. Tá na spriocanna a beartaíodh agus na straitéisí a ceapadh leis na spriocanna a ghnóthú slán, tríd is tríd. Tá naisc áirithe idir spriocanna, straitéisí agus struchtúir easnamhach ar shlite. D'fhéadfadh easpa éigin soiléire a bheith i gceist maidir le hamscála nó critéir ratha. | Sainaithnítear idirghabhálacha agus straitéisí **nó** tagraíonn an scoil don phlean straitéiseach scoile uile nuair a ghlactar le hidirghabhálacha. Tá cur amach ag bunús na foirne ar idirghabhálacha agus straitéisí. Tá idirghabhálacha agus straitéisí a bhaineann le roinnt spriocghrúpaí sainaitheanta. | Tá an feidhmiú go héifeachtach, den chuid is mó, agus dírithe ar spriocanna a ghnóthú. Tríd is tríd, tá cumarsáid, tuiscint agus fócas, ar bhonn scoile uile, go slán maidir le hidirghabhálacha agus straitéisí. Tá bearnaí agus easnaimh áirithe ag cur as d'fheidhmiú éifeachtach straitéisí. | Tríd is tríd, tá tomhas an dul chun cinn go héifeachtach. Tá fianaise ann de dhul chun cinn i spriocréimsí. D'fhéadfadh bearnaí agus easnaimh áirithe a bheith i monatóireacht dul chun cinn agus/nó spriocanna a choigeartú nuair is gá. D'fhéadfadh bearnaí a bheith ann maidir le dul chun cinn a chur in iúl. |
| 2 | D'ainneoin gur ann do phróisis agus struchtúir a bhaineann le sonraí, baintear dá n-éifeacht go mór as siocair mar shampla, nach ndeachthas i gceann gach réimse a ndearnadh tosaíocht díobh i bpleanáil DEIS. Tá mionlach de na spriocanna a beartaíodh agus na straitéisí agus struchtúir bhainteacha a ceapadh chun iad a sholáthar go slán. Tá easpa soiléire ann maidir le hamscála, freagracht agus/nó critéir ratha. | Tá barraíocht nó níl go leor idirghabhálacha agus straitéisí ag an scoil le freastal ar riachtanais spriocghrúpaí nó ar gach dalta. Níl cur amach ag bunús na foirne ar shainchuspóir gach idirghabhála agus straitéise. Níl aon fhorbhreathnú ag an bpríomhoide ar gach idirghabháil agus straitéis atá in úsáid sa scoil. | Tá bearnaí agus easnaimh shuntasacha i bhfeidhmiú straitéisí. Tá bearnaí suntasacha sa chumarsáid agus/nó tuiscint agus/nó fócas ar bhonn scoile uile maidir le hidirghabhálacha agus straitéisí. | Tá fianaise theoranta de dhul chun cinn sna spriocréimsí. Tríd is tríd, tá tomhas an dul chun cinn go mí-éifeachtach. Tá bearnaí agus easnaimh áirithe i monatóireacht dul chun cinn agus spriocanna a choigeartú nuair is gá. Tá bearnaí ann maidir le dul chun cinn a chur in iúl. |
| 1 | Tá laigí suntasacha i mbailiú agus anailísiú sonraí cuí. Tá an tátal, nuair a bhaintear as é, easnamhach nó earráideach. Níl róil agus freagrachtaí a bhaineann le sonraí mínithe agus tá struchtúir lochtach nó ní hann dóibh. Is beag de na spriocanna, nó níl aon sprioc díobh, atá slán, ná níl na straitéisí bainteacha a ceapadh chun iad a sholáthar. Níl aon nasc soiléir idir spriocanna, straitéisí agus struchtúir. | Úsáideann múinteoirí idirghabhálacha agus straitéisí ar mhaithe lena gcuspóirí féin agus níl aon fhianaise ann de straitéisí sainiúla ar bith do na réimsí tosaíochta ná na spriocghrúpaí. Níl idirghabhálacha á bhfeidhmiú de réir mar is gá. | Tá bearnaí agus easnaimh shuntasacha i bhfeidhmiú straitéisí. Tá laigí suntasacha sa chumarsáid agus/nó tuiscint agus/nó fócas ar bhonn scoile uile maidir le hidirghabhálacha agus straitéisí. | Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise ann de dhul chun cinn sna spriocréimsí. Tá tomhas an dul chun cinn go mí-éifeachtach. Tá monatóireacht dul chun cinn lochtach nó ní hann di. Níl ach beagán coigeartú spriocanna ar siúl nó ní hann dó. Maidir le dul chun cinn a chur in iúl, tá sé lag nó ní hann dó. |